
UNIVERSITY *of* LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH



# TUARASCÁIL **BHLIANTÚIL**

2013 2014

**Ollscoil Luimnigh, Luimneach, Éire**

**Guthán: +353-61-202700**

**Facs: +353-61-330316**

**Láithreán gréasáin: www.ul.ie**

Cuimsítear an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2013 go dtí an 30 Meán Fómhair 2014 sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Tá sí ar fáil chomh maith ar láithreán gréasáin Ollscoil Luimnigh (OL).

UNIVERSITY of LIMERICK
OLLSCOIL LUIMNIGH

**Tuarascáil Bhliantúil**

**An Bhliain Acadúil 2013/2014**

# Clár na n-ábhar


**OLLSCOIL CHEANNRÓDAÍOCH** ..... **1**
RÁITEAS AN TSEANSAILÉARA ..... 1
RÁITEAS AN UACHTARÁIN ..... 3
**AN tÚDARÁS CEANNAIS** ..... **4**
**CÉIMEANNA OINIGH** ..... **6**
**GNÓTHAÍ ACADÚLA** ..... **7**
DÁMH NA nDÁN, AN tSRUITHLÉINN AGUS NA nEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA ..... 8
DÁMH CHRUINNE ÉIREANN RINCE AGUS CEOIL ..... 10
DÁMH NA hEOLAÍOCHTA AGUS NA hINNEALTÓIREACHTA ..... 12
SCOIL GHNÓ KEMMY (KBS) ..... 15
AN tIONAD TEAGAISC AGUS FOGHLAMA ..... 24
RANNÁN AN CHOMHAR-OIDEACHAIS AGUS NA nGAIRMEACHA ..... 27
**AIRGEADAS** ..... **28**
**TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT** ..... **32**
Téamaí Taighde ..... 32
Institiúidí Taighde ..... 32
Éachtaí Taighde ..... 33
**STAIDREAMH A BHAINEANN LE CÉIMITHE** ..... **38**
**SEIRBHÍSÍ ACADÚLA AGUS TACAÍOCHTA** ..... **40**
AN RANNÓG TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE ..... 40
SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE AGUS FAISNÉISE ..... 42
ACMHAINNÍ DAONNA ..... 45
**RANNÁN NA nAMHARCEALAÍON** ..... **47**
**NASC LENÁR BPOBAIL** ..... **48**
**FÁS AGUS FORBAIRT** ..... **50**
FORBAIRTÍ AR AN gCAMPAS ..... 50
Aguisín 1 ..... 51

# OLLSCOIL CHEANNRÓDAÍOCH
## RÁITEAS AN TSEANSAILÉARA

*"Ní ullmhúchán don saol an t-oideachas; is ionann an t-oideachas agus an saol féin."*

Cé gur ollscoil óg go leor í Ollscoil Luimnigh, tá áit dhaingean aici i saol an náisiúin mar institiúid oideachais den scoth le haghaidh ghlúnta Éireannach na linne seo mar aon le líon mór mac léinn ón gcoigríoch. De thoradh na bhfórsaí fuinniúla ceannaireachta agus díograise atá i dtreis ón uair a bunaíodh an Ollscoil, tá an campas is fearr sa tír (ar a laghad) againn mar aon le dámha a bhfuil ardcháil orthu in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Chuir an tÚdarás Ceannais reatha tús lena théarma oifige cúig bliana an 1 Nollaig 2012. Bunaíodh ocht gcoiste faoi choimirce Údarás na hOllscoile chun tacaíocht a thabhairt d'obair an Údaráis. Ar na coistí sin tá comhaltaí den Údarás féin, comhaltaí foirne de chuid na hOllscoile agus comhaltaí ó lasmuigh den Ollscoil a bhfuil saineolas tábhachtach acu. Tá ról thar a bheith tábhachtach ag na coistí maidir le tograí agus moltaí a bhaineann le beartais straitéiseacha a bhíonn le cur faoi bhráid an Údaráis Cheannais a bhreithniú agus a mheas go grinn. Tá cuntas in áit eile sa tuarascáil seo ar na nithe iomadúla ar thug an tÚdarás Ceannais aghaidh orthu sa tréimhse atá faoi chaibidil, agus ní luafaidh mise ach cúpla ceann díobh go hachomair anseo.

Scrúdaíodh agus glacadh le straitéis bhuiséid na hOllscoile don bhliain acadúil 2014/2015; bhí tábhacht ar leith leis seo mar gheall ar na dúshláin a bhain le misean oideachais na hOllscoile a choimeád slán agus a chur chun cinn tráth a bhfuil cistí airgid gann nó á ngearradh siar agus, san am céanna, deimhin a dhéanamh de gur tugadh buiséad comhardaithe i gcrích. D'éirigh linn an méid sin a thabhairt i gcrích.

Éacht tábhachtach sa tréimhse ba ea gur tarraingíodh anuas an chéad chiondáil den mhaoiniú iasachta fadtréimhsí ón mBanc Eorpach Infheistíochta, d'fhonn a chur ar chumas na hOllscoile a Plean Forbartha Caipitil 2014-2018 a chur i gcrích. Leis an gciste airgid sin, mar aon le foinsí cistiúcháin eile, tógfar áiseanna nua ina measc cur le Leabharlann Glucksman, áiseanna taighde agus oideachais chliniciúil, agus ina theannta sin déanfar an campas a mhéadú agus a athchóiriú as seo go ceann cúpla bliain. D'fhaomh an tÚdarás Ceannais na coinníollacha a bhain leis an gcistiú iasachta ríthábhachtach seo. Mar chuid de Phlean Forbartha Caipitiúla na hOllscoile, d'fhaomh an tÚdarás Ceannais pleananna maoiniúcháin freisin d'Ionad Oiliúna na Mumhan, d'Ionad Cuairteoirí, do shíneadh leis an Airéine Spóirt agus do Thaisteal níos Cliste.

Is iad acmhainní daonna na hOllscoile an acmhainn is luachmhaire dá bhfuil aici – d'fhaomh an Ollscoil polasaithe gaolmhara ina thaobh sin i rith na tréimhse atá faoi chaibidil agus rinne sí ceapacháin thábhachtacha.

Mar atá luaite thuas, tá an-dul chun cinn á dhéanamh ag an Ollscoil i gcónaí agus í ag forbairt dhoimhneacht agus scóip a cuid gníomhaíochtaí mar institiúid léinn den scoth. Tá áiseanna

nua curtha leis an gcampas den chéad scoth atá againn, agus tá líon na mac léinn atá againn – grúpa ilchineálach daoine – tar éis méadú go dtí breis is 13,000. Tá méadú ag teacht de shíor ar ilchineálacht agus méid an taighde atá ar bun, agus feabhas ag teacht i gcónaí dá réir ar cháil na hOllscoile. B'áthas linn a fhógairt i mí Lúnasa 2014 gur ainmníodh UL mar Ollscoil Sunday Times na Bliana don bhliain 2015. Ar na cúiseanna ar bronnadh an gradam orainn bhí chur i ngníomh rathúil Thogra Bernal san eolaíocht agus san innealtóireacht ar fiú €52m é, go bhfuilimid ar thús cadhnaíochta ó thaobh infhostaitheacht na mac léinn, tráchtálaíocht mhaith an taighde, agus feidhmíocht shíorfheabhsaithe acadúil.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tsárobair a rinne mo chuid comhghleacaithe ar an Údarás Ceannais, mar chomhaltaí den Údarás féin agus freisin mar chomhaltaí de na coistí, a d'oibrigh chomh dícheallach sin. Ní miste a lua gur ar bhonn deonach a rinne siad ar fad an obair sin agus nach ndearna siad dhá leith dá ndícheall. Ba mhian liom buíochas faoi leith a ghabháil leis an Uachtarán Don Barry as an cheannaireacht éifeachtach leanúnach. Gabhaim buíochas chomh maith le comhaltaí foirne, mic léinn agus cairde na hOllscoile a d'oibrigh go seasta agus go díograiseach ionas go mbainfeadh an Ollscoil a cuid cuspóirí amach.

Gach aon bhliain, gan eisceacht, cuirtear le forbairt na hOllscoile mar institiúid oideachais den scoth. De bharr dhúthracht na ndaoine atá luaite agam measaim go bhfuil an bhliain 2013/14, ainneoin a dheacra a bhí cúrsaí eacnamaíocha agus airgeadais, tar éis cur go mór leis an rath atá ar an Ollscoil agus gur cuid í den bhunchloch lena ndéanfaidh an Ollscoil gaisce san am atá le teacht.

***An Breitheamh Onórach John L. Murray***

An Seansailéir

## RÁITEAS AN UACHTARÁIN

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Ollscoil Luimnigh don bhliain acadúil 2013-14 a chur i láthair.

Leagann an Tuarascáil seo amach seasamh na hOllscoile agus leagtar béim ar na héachtaí a bhaineamar amach i rith na bliana acadúla 2013/14, ar bhliain iontach agus rathúil eile a bhí ann don Ollscoil.

Ceann de bhuanna Ollscoil Luimnigh is ea a mheáite atá sí ar an gcomhoibriú. Is coincheap il-leibhéil é an comhoibriú, dar liom. Baineann sé le hobair i gcomhar ar fud disciplíní, rann agus dámh san Ollscoil mar aon le hobair a dhéanamh i gcomhar le hollscoileanna eile, le forais taighde, le hinstitiúidí oideachais, le corparáidí agus le forais phoiblí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Gné faoi leith d'Ollscoil Luimnigh is ea an nasc láidir atá againn leis na pobail máguaird, agus tuigim go rímhaith go bhfuil sé de fhreagracht orainn an fhorbairt gheilleagrach, oideachais, shóisialta agus chultúir a chothú, go háirithe i réigiún na Sionainne. Aithním gur chóir d'ollscoil nua-aimseartha a bheith nasctha leis an timpeallacht foghlama agus taighde dhomhanda d'fhonn a huaillmhianta a bhaint amach.

Beidh an t-idirnáisiúnú, ó thaobh na smaointeoireachta agus cur i bhfeidhm gníomhartha, i gcroílár ár gcuid gníomhaíochtaí straitéiseacha. Beidh sé le feiceáil in inneachar na gclár agus sna gníomhaíochtaí taighde, agus sinn ag leanúint orainn ag idirnáisiúnú ár gcuid mac léinn agus na foirne.

Tá sé d'ádh ar Ollscoil Luimnigh a bheith mar rannpháirtí gníomhach i ngréasán leathan daoine, eagraíochtaí agus lucht tacaíochta agus comhpháirtithe, in Éirinn agus thar lear. Bhí a gcúnamh-san ríthábhachtach don rath a bhí orainn agus is mór agam a thugtha atá siad don phobal.

Creidim gur féidir le hOllscoil Luimnigh cuidiú le todhchaí níos fearr a mhúnlú dúinn go léir agus is mór agam bhur spéis agus bhur dtacaíocht.

Go raibh míle maith agaibh.

**An tOllamh Don Barry**

An tUachtarán

## AN tÚDARÁS CEANNAIS

Bunaíodh Ollscoil Luimnigh faoin Acht um Ollscoil Luimnigh, 1989 arna leasú le hAcht na nOllscoileanna, 1997 agus feidhmíonn sí i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta sin. Tá an fhreagracht fhoriomlán as gnóthaí Ollscoil Luimnigh dílsithe ag an Stát in Údarás Ceannais na hOllscoile, agus tá an tÚdarás ceaptha de réir Acht na nOllscoileanna, 1997. An Rúnaí Corparáideach a fheidhmíonn mar Rúnaí don Údarás Ceannais.

Le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú, bhain an tÚdarás Ceannais na nithe seo a leanas amach:

- Tuairiscí suntasacha ar an dul chun cinn ón Uachtarán i dtaca le cur i ngníomh Phlean Straitéiseach 2011-2015 Ceannródaíoch & Nasctha. Luaitear chomh maith an comhthéacs ina bhfeidhmeodh Plean Straitéiseach nua na hOllscoile;
- Faomhadh tarraingt anuas dhá chiondáil de mhaoiniú iasachta ón mBanc Eorpach Infheistíochta i gcomhair Phlean Forbartha Caipitil Ollscoil Luimnigh, 2014–2018.
- Ráitis Airgeadais Chomhréitithe don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013 arna bhfaomhadh ag an HEA;
- Faomhadh aighneacht bhuiséid na hOllscoile don Bhliain Acadúil 2014/15;
- Faomhadh Cód Rialachais athbhreithnithe Ollscoil Luimnigh ionas go mbeadh sé ag teacht leis an gCód Náisiúnta Rialachais d'Ollscoileanna na hÉireann;
- Faomhadh Ráiteas Rialachais agus Rialúcháin Inmheánaigh don Bhliain Airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2012;
- Faomhadh pleananna iniúchóireachta inmheánaí agus iniúchóireachta seachtraí; faomhadh raon tuarascálacha iniúchóra inmhéanaigh; rinneadh monatóireacht ar chur i ngníomh Bainistiú Riosca do Ranna agus do Dhámha; rinneadh athbhreithniú ar stádas na moltaí um iniúchóireacht inmheánach; faomhadh fostú saineolaí sheachtraigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialú na hiniúchóireachta inmheánaí agus an bhainistithe riosca;
- Luadh 'Athbhreithnithe Oiriúnachta don Fheidhm i dtaca le Tograí Caipitil' ina measc foirgneamh Tierney, Teach Bád UL, Scoil Leighis Iontrála Céimithe agus Lóistíní Quigley, Forbairt Áras Spóirt agus Páirceanna Uile-Aimsire.
- Faomhadh pleananna maoiniúcháin agus dearadh coincheapa d'Ionad Oiliúna na Mumhan, d'Ionad Cuairteoirí; pleananna maoiniúcháin don síneadh le hAiréine Spóirt na hOllscoile - linn snámha 25m, an Togra Taistil Níos Cliste agus ceannach talún a bhaineann le forbairt straitéiseach an champais;
- Faomhadh comhshocruithe idir UL agus Comhlacht Iontaobhais Plassey (PTS) um aischeannach Shráidbhaile Thuamhan;
- Luadh roinnt seisiún eolais i dtaca le hAthbhreithnithe Piaraí ar Chaighdeán i réimsí acadúla agus tacaíochta araon.
- Ceapadh an tOllamh Edmond Magner ina Dhéan ar Dhámh na hEolaíochta & na hInnealtóireachta agus an tOllamh Alison Perry ina Déan ar Dhámh an Oideachais & na nEolaíochtaí Sláinte, iad beirt ar feadh tréimhse trí bliana. Athcheapadh an Dr Mary Shire ina Leas-Uachtarán Taighde ar feadh an dara téarma cúig bliana;
- Faomhadh ceapacháin agus arduithe céime foirne;
- Ceapadh Cathaoirleach Choiste Forbartha an Champais agus rinneadh comhaontú i dtaca le ceapacháin chun folúntais a líonadh ar choistí agus ar bhoird eile na hOllscoile;
- Faomhadh Beartas agus Gnáthaimh un Dhínit agus Meas i measc Mac Léinn, Beartas um Dhiúscairt Sócmhainní Seasta agus Beartas um Thaisteal agus Chothabháil;
- Faomhadh beartais Acmhainní Daonna sna réimsí seo a leanas: Saoire Shabóideach, Dínit & Meas san Ionad Oibre agus Scéim Uaireanta Oibre Solúbtha.

- Breithníodh leibhéil na mac léinn fochéime ar glacadh leo don Bhliain Acadúil 2013/14 agus iarratais CAO don Bhliain Acadúil 2014/15;
- Faomhadh Dochtúireachta Oinigh a bhí le bronnadh.

**Liosta de Chomhaltaí an Údaráis Cheannais, 1 Deireadh Fómhair 2013 - 30 Meán Fómhair 2014**

| | | |
|---|---|---|
| An Seansailéir:<br>An Breitheamh Onórach John L. Murray<br>An tOllamh Sean Arkins<br>An tOllamh Don Barry<br>Berni Brady, Uasal<br>An tUasal Fintan Breen<br>*(arna thoghadh i mí na Samhna 2013)*<br>An tOllamh Merritt Bucholz<br>*(arna thoghadh i mí na Bealtaine 2014)*<br>Lilly Carroll, Uasal<br>*(ar tháinig an tUas. Séamus Noonan i gcomharbach uirthi i mí an Mheithimh 2014)*<br>An tOllamh Vincent Cunnane *(arna thoghadh i mí na Bealtaine 2014, d'éirigh as oifig i mí Mheán Fómhair 2014)*<br>Breda Deedigan, Uas.<br>An Dr Eoin Devereux<br>Kay Doyle, Uas.<br>An tOllamh Colum Dunne | Neasa Fahy O'Donnell, Uas.<br>An tUas. John Field<br>An tOllamh Thomas Garavan (*d'éirigh as oifig i mí an Mhárta 2014)*<br>An tUas. Martin Hayes<br>An tOllamh Michael A Hayes<br>An tUas. Michael Houlihan<br>An tUas. Tadhg B Kearney<br>An Clr Kathleen Leddin<br>*(ar tháinig an Clr Michael Sheahan, i gcomharbacht uirthi i mí an Mheithimh 2014)*<br>An tUasal Richard Leonard<br>Trish Long, Uas.<br>An tOllamh Paul McCutcheon<br>An Dr Seán McGrath<br>Catríona Ní Dhonnchú, Uas.<br>(*ar tháinig an tUas. Shane McCormack i gcomharbacht uirthi i mí an Mheithimh 2014*) | Gráinne O'Connell, Uas.<br>An tUas. John O'Connell<br>An tUas. Bobby O'Connor<br>An Dr Máirtín Ó Droma<br>An tUas. David O'Flynn<br>Emma Porter, Uas.<br>*(ar tháinig an tUas. Tommy Bolger i gcomharbacht uirthi i mí an Mheithimh 2014)*<br>An Dr Wynette Redington<br>An tUas. Pat Rockett<br>An Clr John Sheahan<br>(*ar tháinig an tUas. Jerry O'Dea i gcomharbas airi mí an Mheithimh 2014*)<br>An Dr Peter Tiernan<br>Judith Woodworth, Uas. |

Leagtar amach an freastal ar chruinnithe an Údaráis Cheannais agus na costaís a tabhaíodh in Aguisín 1

## CÉIMEANNA OINIGH

I rith na bliana atá faoi athbhreithniú bronnadh céim oinigh amháin mar seo a leanas:

### Harry E. McKillop - Dochtúir Eolaíochta Geilleagraí

*Bronnadh an 9 Feabhra 2014 é*

De bhunadh láidir na hÉireann, rugadh agus tógadh an tUasal Harry McKillop i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus b'oifigeach cabhlaigh é ar bord an USS Phoenix san Aigéan Ciúin i rith an Dara Cogadh Domhanda. Is feidhmeannach aerlíne é a bhfuil an-rath air agus ba as Baile an Chaistil ar chósta oirthuaisceart na hÉireann a shinsir agus thug siad aghaidh ar SAM sna 1980idí.

Cuireadh tús drámatúil le feachtais daonnúlachta an Uas. McKillop i 1969 nuair a rinne sé cuairt iomráiteach a thug mná céile Phríosúnaigh Chogaidh Mheiriceá ar Vítneam a stiúradh agus a bhainistiú, cuairt arbh é b'aidhm léi soláthairtí agus faoiseamh a thabhairt chuig Príosúnaigh Chogaidh Stáit Aontaithe Mheiriceá sa tír sin. Cé nár éirigh leo na soláthairtí a thabhairt chomh fada le Príosúnaigh Chogaidh Mheiriceá, cuireadh an scéal ar a shúile don domhan mór. Rud ba thábhachtaí fós, chuala na Príosúnaigh Chogaidh faoin iarracht, agus ba léiriú tábhachtach comhbhá agus dóchais dóibh é agus spreag sé iad gan a misneach a chailliúint.

Thacaigh an tUasal McKillop le raon leathan tionscnamh ar fud oileán na hÉireann, ina measc tograí trasphobail i dTuaisceart Éireann. Tá cion nach beag déanta ag an Uasal McKillop d'Ollscoil Luimnigh agus é ina bhall de Bhord Fhondúireacht UL, an comhlacht daonchairdis atá meáite ar thacú leis an Ollscoil agus í ag iarraidh a misean a bhaint amach. Thug sé cuairt ar an gcampas go minic agus chuir sé comhairle ar fáil i dtaca le fiontair shuntasacha agus le pleanáil do thodhchaí na hOllscoile; rinne sé abhcóideacht don Ollscoil sa líonra suntasach teagmhálacha gnó, tionscail agus polaitíochta atá aige agus chuir sé tacaíocht ar fáil do raon tionscnamh ar an gcampas, ina measc forbairt na Fondúireachta, taighde leighis agus imeachtaí cultúir. Bhí an tUasal McKillop ar dhuine de thriúr ceannródaithe a chruthaigh an chéad Aerfort Tionsclaíoch in Alliance Texas, agus é ag obair i gcomhar leis an Uasal Ross Perot agus leis an Uasal Ross Perot Jr chun na mílte acra de thalamh feirme agus de dhuga díomhaoin a athrú go hionad rathúil dáiliúcháin agus ríomhthráchtála, rud a chruthaigh na mílte post nua agus a thóg pobail nua chónaitheacha leis na billiúin dollar d'infheistíocht agus de thionchar geilleagrach. Thacaigh sé go gníomhach le raon leathan tograí infheistíochta agus forbraíochta in Éirinn agus i láthair na huaire tá tionscnaimh forbraíochta agus athnuachana den chineál céanna á gcothú in Éirinn aige.

## GNÓTHAÍ ACADÚLA

Is é an Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir an t-oifigeach acadúil sinsearach agus glacann sé/sí freagracht as gach ní a bhaineann le feidhm acadúil na hOllscoile.

### AN CHOMHAIRLE ACADÚIL

Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú rinne an Chomhairle Acadúil na cláir seo a leanas a fhaomhadh:

- Certificate in Teaching, Learning and Scholarship
- Diploma in Supply Chain Management
- Bachelor of Arts in Applied Policing
- Bachelor of Arts in Early Childhood Practice
- Bachelor of Science in Paramedic Studies (Conversion)
- Bachelor of Technology in Aircraft Maintenance and Operations
- Graduate Certificate in Global Health and Development
- Graduate Certificate in Posture, Seating and Wheelchair Mobility Across the Life Course
- Graduate Diploma in Peace and Development
- Higher Diploma in Software Development for Middleware Integration
- Specialist Diploma in Aviation Leasing and Finance
- Master of Arts in Critical Irish Studies
- Master of Arts in Creative Writing
- Master of Science in Advanced Materials
- Master of Science in Biomedical Device Materials
- Master of Science in Digital Business
- Master of Science in Physiotherapy (Professional Qualification)
- Master of Science in Sport, Exercise and Performance Psychology
- Master of Science in Supply Chain Operations
- Professional Masters in Education Art and Design with Digital Media and Pedagogies
- Professional Diploma in Accounting (páirtaimseartha, tráthnóna)

### An Clár Springboard/Scileanna ICT

I mí an Mhárta 2014, chuir an tÚdarás um Ard-Oideachas thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna tús arís le Springboard, agus tá sé ar cheann de na tionscnaimh Stáit atá ag cur deiseanna oideachais agus oiliúna ar fáil chun tacú le daoine dífhostaithe. Ina theannta sin, sheol an HEA glaoch ar mholtaí faoin Tionscnamh Scileanna ICT in 2014 mar gheall ar an ngéarghá a bhí le líon na ndaoine cáilithe a mhéadú don earnáil ICT in Éirinn. D'éirigh le UL 188 áit a aimsiú faoin dá chlár sin.

### Matamaitic do Mhúinteoirí 'Seachréimse' (DoES)

Sa bhliain 2013, d'éirigh le UL conradh iomaíoch maoiniúcháin a fháil arbh fhiú um €5 milliún thar thrí bliana. Chláraigh an dara cohórt, ina raibh breis is 200 mac léinn, in 2014.

## DÁMH NA nDÁN, AN tSRUITHLÉINN AGUS NA nEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

Lean Dámh na nDán, an tSruithléinn agus na nEolaíochtaí Sóisialta (AHSS) den mhisean atá acu eolas agus domhan níos fearr a chruthú trí theagasc, díograis i leith an taighde agus béim láidir ar ról na díospóireachta agus an phlé i bhforbairt scileanna eolais agus anailíse.

Tá na cúig aonad acadúla seo a leanas sa Dámh:

- Roinn na Staire
- Roinn na Polaitíochta agus an Riaracháin Phoiblí
- Roinn na Socheolaíochta
- Scoil na dTeangacha, na Litríochta, an Chultúir agus na Cumarsáide
- Scoil an Dlí

Le linn thréimhse an tuairiscithe, thug AHSS faoi raon gníomhaíochtaí agus ginneadh raon aschur a chuir go mór le plean straitéiseach na hOllscoile, Ceannródaíoch agus Nasctha.

**Príomhghníomhaíochtaí:**

I rith na tréimhse atá faoi chaibidil, d'fhoilsigh foireann AHSS 25 alt ISI agus 20 leabhar le foilsitheoirí iomráiteacha.

Bunaíodh Cnuasghrúpa Taighde nua idirdhisciplíneach i rith thréimhse an tuairisciúcháin, an Cnuasghrúpa um Thuisicnt ar Mhothúcháin sa tSochaí. Cuireadh chlár bisiúil oibre le chéile mar aon le líonraí úsáideacha seachtracha.

**An Tuairisc STOP Transphobia and Discrimination**

Thionóil an Dámh seoladh STOP Transphobia and Discrimination, tuairisc de chuig an Líonra um Chomhionannas Trasinscne agus de bhrí gurbh é an Cnuasghrúpa um Thuisicnt ar Mhothúcháin sa tSochaí a d'eagraigh an seoladh sin, leagann sé béim ar an tslí ar féidir le spéiseanna taighde ar an gcampas cur le caidreamh leis an tsochaí i gcoitinne. Tá go leor ball den Dámh ar Chomhlachtaí Náisiúnta. Ina measc tá an Dr Ruan O'Donnell ó Roinn na Staire a athcheapadh ina bhall de Choimisiún Lámhscríbhínní na hÉireann. Rinne baill dhifriúla den Dámh cion oibre do thionscnamh Eitice Uachtarán na hÉireann. I gcomhar leis an Tionscnamh Eitice, d'eagraigh comhghleacaithe dhá chomhdháil in UL - an dá cheann i mí an Mheithimh - ceann i dtaca le hIriseoireacht Eiticiúil agus ceann i dtaca le hOideolaíocht Chriticiúil in Ollscolaíocht Chomhaimseartha na hÉireann.

**Irish Studies Summer School**

D'fhreastail 87 mac léinn idirnáisiúnta ar Irish Studies Summer School an AHSS i mbliana. Chomh maith leis sin, mheall an 6ú Scoil Gheimhridh um Social Science Research Methods mic léinn nárbh Éireannaigh iad den chéad uair riamh. Ar na cuairteoirí seachtracha mór le rá a thug cuairt ar an Dámh bhí Iar-Phríomhaire Queenslands, Robert Borbidge, an tOllamh Johnathan Wolf, University College London, agus an tOllamh Brendan Kane ón University of Connecticut, agus thug gach duine díobh aoi-léachtaí.

**Irisí Mac Léinn**
Tugann an Dámh tacaíocht do roinnt irisí de chuid na mac léínn ina measc Socheolas, an iris liteartha The Ogham Stone, agus History Studies mar aon le Limerick Voice, nuachtán a scaiptear agus atá dírithe ar phobail áitiúla Luimnigh.

**Maoiniú agus dámhachtainí taighde**

Ainmníodh an Dr Caitlin Ryan agus an Dr Gavin Wilk ar ghearrliosta in 2013 do Ghradam an Gheimhrid um Scoth an Teagaisc.

Chláraigh 38 mac léinn PhD leis an Dámh i rith na bliana, arbh é sin an líon ba mhó riamh.

Bhuaigh Yvonne Cleary ó Scoil an Chultúir agus na Cumarsáide gradam ón Conference of the Scholarly Society ina réimse féin as alt a scríobh sí d'Imleabhar 42 den Journal of Technical Writing and Communication.

Ainmníodh an Dr Owen Worth ó Pholaitíocht agus Riarachán Poiblí ar liosta fada do dhuais leabhar Scolártha na Breataine as an monagraf Resistance to the Age of Austerity. Thionóil an 18th Century Research Group siompóisiam i mí na Bealtaine 2014 dar teideal Edited 18th Century Ireland, a fuair urraíocht ón gComhairle um Thaighde in Éirinn.

**Duaiseanna/Gradaim/Foilseacháin na Mac léinn**

Rinne roinnt mac léinn ó chláir dhifriúla éachtaí, ina measc mic léinn ar na cláir Law Plus agus Journalism ag an McCann Fitzgerald National Advocate Mooting Competition agus ag Oxygen Student Media Competition agus Simon Cumbers Student Media Fund Competition faoi seach.

Bronnadh gradam 2014 Traveller Pride Award don oideachas ar mhac léinn PhD Sindy Joyce i Roinn na Socheolaíochta.

## DÁMH CHRUINNE ÉIREANN RINCE AGUS CEOIL

Chuir Dámh Chruinne Éireann roinnt ócáidí, seimineár agus comhdhálacha ar siúl i mbliana; tugadh le chéile ceoltóirí, rinceoirí, cumadóirí, amhránaithe, stiúrthóirí ceolfhoirne agus cóiréagrafaithe – d'éirigh leo na traidisiúin reatha a chíoradh agus talamh úr a bhriseadh.

**Príomhimeachtaí:**

**Seoladh Oifigiúil Academy 20: Sounding Forward, Listening Back**

D'fhonn tús a chur le ceiliúradh bliana ar chomóradh 20 bliain de Dhámh Chruinne Éireann, reáchtáladh mórshiúl faoi sholas tóirsí an 5 Feabhra. Tháinig rannpháirtithe le chéile i bpríomhchlós na hOllscoile agus shiúil siad trasna an Droichid Bheo agus ceol, amhránaíocht agus rince ar siúl acu. Tar éis deasghnáth gairid a tionóladh ag Umar Deasghnátha Dhámh Chruinne Éireann, bhain na rannpháirtithe sult as raon taispeántas ceiliúrtha.

**Maighréad Ní Dhomhnaill ainmnithe ina healaíontóir cónaitheach don bliain 2014**

Agus comóradh á dhéanamh ar 20 bliain, ba mhór le Dámh Chruinne Éireann Ollscoil Luimnigh an t-amhránaí sean-nóis mór le rá, Maighréad Ní Dhomhnaill, as Dún na nGall, a fhógairt mar Ealaíontóir Cónaitheach don bhliain 2014.

**Comóradh 20 bliain na Fondúireachta agus Tionscnamh an Ealaíontóra Chónaithigh**

Rinneadh comóradh ar 20 bliain a bheith caite ó bunaíodh an Dámh agus tionscnamh an Ealaíontóra Chónaithigh. I measc na n-ealaíontóirí a bhí sa tionscnamh bhí cumadóirí, cóiréagrafaithe, amhránaithe agus damhsóirí sean-nóis, comhlachtaí rince chomhaimseartha, ensembles ceoil chlasaicigh agus thraidisiúnta, agus le déanaí, an comhlacht aer-rince Fidget Feet. Tá nasc le fada an lá ag na Chieftains agus ag Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann leis an Ollscoil tríd an Dámh.

Mar chuid den chomóradh Academy 20 a bhí ar siúl i rith 2014 bhó mórthionól dar teideal **"Between the Poetic and the Practical".** Tugadh le chéile ceoltóirí, amhránaithe agus rinceoirí ó ar fud an domhain chun ceiliúradh a dhéanamh agus chun obair na Dáimhe san am atá caite agus san am atá romhainn amach a phlé. Cuid eile den ócáid ba ea scannán faisnéise leis an Stiúrthóir mór le rá, Alan Gilsenan, agus coimisiún ealaíonta, ina dtugann triúr ealaíontóirí freagra ar chartlann agus ar láithreacht na Dáimhe in UL.

**Urban Soundscapes and Critical Citizenship**

I mí an Mhárta, reáchtáladh comhdháil idirdhisciplíneach a rinneadh plé ar an trasnaíl idir staidéar fuaimraoin agus éiceolaíochta fuaime (Murray Schafer 1977; Truax 1978) agus eitnicheoleolaíocht fheidhmithe uirbeach a dhíríonn ar an duine (Hemetek and Reyes 2007; Jurková 2012) agus tuiscintí shocheolaíocha ar athstruchtúrú cultúir an spáis uirbigh (Fainstein and Campbell, 2011; LeGates 2011; Bridge and Watson 2010) trí ghairm na 'saoránachta criticiúla' (Nell et al, 2012). Mar chuid den ócáid cuireadh sainspás éisteachta le cuaillí fuaimre ar fáil.

**Clár Erasmus an BA Irish Music and Dance**

I rith 2013 rinne an clár BA Irish Music and Dance leathnú ar a naisc Erasmus agus glacadh san áireamh Coláiste Ollscoile Telemark; Campas Rauland san Iorua; Ollscoil Ege, Izmir, an Tuirc; Ollscoil Theicneolaíoch Iostanbúil, an Tuirc (Roinn an Rince Tíre); agus Acadamh Cultúir Ollscoil Tartu Viljandi, an Eastóin.

**CANTORAL**
I mí Dheireadh Fómhair 2013, chuaigh CANTORAL, ensemble gutha ban na Dáimhe a dhéanann speisialtóireacht i réchantaireacht an Iarthair agus in ilfhónacht luath agus go háirithe i repertoire na meánaoise in Éirinn, chuaigh siad ar an tríú camchuairt agus thug siad aghaidh ar SAM an uair seo. Mar chuid den chlár ceolchoirme, 'Laetabundus Decantet Hybernicorum Cetus' (*Canadh slua ríméadach na hÉireann os ard!),* bhí cantaireacht agus filíocht ó mheánaois na hÉireann. Cuireadh ceolchoirmeacha ar siúl san Class of 1959 Chapel in Harvard University agus sa Debartolo Performing Arts Center, san University of Notre Dame. Rinne Harvard Business School urraíocht ar an gcamchuairt, i gcomhar leis an Department of Sacred Music agus an Keough-Naughton Institute for Irish Studies san University of Notre Dame.

Searmanas Cuimhneacháin UL 40 i gCeoláras na hOllscoile
*I gcuimhne ar bhaill phobal Ollscoil Luimnigh 1972–2013*

Ar cheann de na himeachtaí a chuir críoch leis an tsraith a rinne ceiliúradh ar 40 bliain an fondúireachta in Ollscoil Luimnigh bhí searmanas cuimhneacháin a reáchtáladh i gCeoláras na hOllscoile i gcuimhne ar bhaill foirne agus ar mhic léinn a chuaigh ar shlí na fírinne sa tréimhse sin. Ócáid an-mhothálach ba ea é agus ba é Séiplíneacht UL a d'eagraigh é. I mí Dheireadh Fómhair cuireadh fáilte ar an gcampas roimh dhaoine muinteartha agus chairde na ndaoine sin a fuair bás. Rinne mic léinn na Dáimhe, go háirithe ó chór na ceathrú bliana den BA Voice and Dance agus an Third Space Dance Ensemble, léiriithe ag an ócáid.

**Ceolchoirm an tSeansailéara**
Thionóil Seansailéir nuacheaptha UL, an Breitheamh Onórach John L Murray, Ceolchoirm bhliantúil an tSeansailéara ar an gcampas i mí na Samhna. Bhí um 150 gnólacht, eagraíocht áitiúil agus cara de chuid na hOllscoile i láthair chun tacaíocht a thabhairt don ócáid thiomsaithe airgid. Díoladh na ticéid go léir dó. I measc aíonna na ceolchoirme bhí The Chieftains, atá ina n-ealaíontóirí cónaitheacha i nDámh Chruinne Éireann Rince agus Ceoil.

**Step Up: Dance Project 2014**
Step Up: Dance Project - comhthionscnamh de chuid Dhámh Chruinne Éireann Rince agus Ceoil agus na Comhairle Ealaíon a reáchtáladh i gcomhar le Damhsa Éireann. Is é cuspóir an tionscadail ná droichead a thógáil idir oideachas comhaimseartha an rince agus cleachtas gairmiúil comhaimseartha an rince in Éirinn. Gach bliain tugtar deis do sheisear de na damhsóirí comhaimseartha is cumasaí in Éirinn oibriú faoi stiúir aoi-chóiréagrafaithe a bhfuil clú agus meas orthu ar fud an domhain.

**Seoladh leabhar an Dr Catherine Foley** '***Step Dancing in Ireland – Culture & History'***
Scrúdaíonn sí an ghaolmhaireacht idir rince céime agus comhthéacs cultúrtha agus stairiúil an choilíneachais, an náisiúnachais, an iarchoilíneachais agus an domhandúcháin, agus taispeántar gur uirlis chumhachtach léiriúcháin ags bhrí é an rince céime ar féidir leis ceisteanna tábhachtacha a chur i dtaca le cultúr agus féiniúlacht, trí cholainneacha na ndaoine sin a dhéanann é. Sheol Jimmy Deenihan TD, an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an leabhar i mí Dheireadh Fómhair.

## DÁMH NA hEOLAÍOCHTA AGUS NA hINNEALTÓIREACHTA

Tá Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta nuálach agus taighde-dhírithe agus déanann sí taighde ar ardchaighdeán agus ar thús cadhnaíochta a aistrítear ina chleachtas agus a chuireann le tairiscintí iomaíocha rathúla taighde agus a mheallann mic léinn agus foireann den scoth. Tá Institiúid Bernal, atá nuabhunaithe, sa Dámh, arb é atá ann infheistíocht €52 milliún a thógann ar bhuanna suntasacha na Dáimh i dtaca leis an eolaíocht fheidhmeach agus an innealtóireacht. D'earcaigh an Institiúid sé ollamh den chéad scoth go dtí seo agus tógadh áislann taighde 12,000m. Baintear leas as an saineolas taighde i roinnt mór-ionad taighde idir-institiúideach i réimsí na n-ábhar cógaisíochta, criostalúcháin, na próiseála cógaisíochta, na n-ábhar comhchodach agus na teicneolaíochta próiseála déiríochta.

**Príomhghníomhaíochtaí:**

- Tugadh 85 tráchtas PhD chun críche.
- Foilsíodh 343 páipéar achoimrithe ISI agus deonaíodh aon phaitinn nua déag.
- Is ionann na mic léinn Eolaíochta agus Innealtóireachta agus 36% de líon iomlán na mac léinn iarchéime neamh-AE san Ollscoil agus 51% de líon iomlán na mac léinn bunchéime neamh-AE.
- Bhain 10 gcinn as 14 de mhac-chomhlachtaí Ollscoil Luimnigh le Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta.
- Reáchtáil an Dámh léiriú faoin aer den scannán “Back to the Future” i margadh an Bhainne, arbh é a bhí ann imeacht phobail saor in aisce a eagraíodh mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta chun UL agus an eolaíocht a thabhairt go lár na cathrach. Bhí breis is 500 duine i láthair.
- Thionóil an Roinn Innealtóireachta Leictreona agus R Ríomhaireachta an 25ú Comhdháil Chomharthaí agus Chóras na hÉireann IET, ISSC 2014, agus Comhdháil Idirnáisiúnta na Síne-Éireann um Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, CIICT 2014.
- Thionóil Roinn na nEolaíochtaí Beatha cruinniú Rannán na hÉireann de Chumann na Micribhitheolaíochta Ginearálta um an téama *Host-Microbe Dialogue*.

**Maoiniú agus dámhachtainí taighde**

- D'éirigh le comhaltaí den Dámh ioncam taighde €24.8m a ghiniúint.
- D'éirigh leis an Dámh le tairiscintí iomaíocha taighde - €48m don Ionad Cógaisíochta Staide Soladaí agus Sintéise (SSPC) a chomhordaíonn 22 chomhlacht agus 9 HEI; €5m don Ionad Teicneolaíochta Déantúsaíochta Cógaisíochta (PMTC), a chomhordaíonn 23 comhlacht agus 6 HEI, €60m do Lárionad Taighde na hÉireann don Innealtóireacht Bogearraí (LERO), a chomhordaíonn 28 comhlacht agus 8 HEI, €10m do Lárionad Taighde Comhábhar na hÉireann (ICOMP) a stiúrann 16 chomhlacht agus 4 HEI; agus €25 don Ionad Teicneolaíochta Próiseála Déiríochta (DPTC) lena mbaineann 8 gcomhlacht, 9 HEI agus 1 Institiúid.

- Fuair an Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Aerloingseoireachta agus Bithleighis dámhachtain ó Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) faoin gcatagóir taighde a bhunaigh an IAA in 2014 d'fhonn aitheantas a thabhairt do rannobair den scoth d'earnáil na heitlíochta in Éirinn.
- D'oscail an Scoil Ailtireachta, SAUL spás nua Fab Lab i gCathair Luimnigh. Is é Fab Lab Limerick an dara Saotharlann Doilbthe i bPoblacht na hÉireann.
- Thug an tríú Design@UL Exhibition in the City le chéile éagsúlacht saothar dearaidh ó shé chlár acadúla fo-chéime.

**Dámhachtainí Dáimhe**

- An tOllamh Mike Zaworotko, Ollamh Bernal le hInnealtóireacht Criostail, duine de 11 taighdeoir atá bunaithe in Eirinn agus atá liostaithe ar rangú domhanta ISI do thaighdeoirí. Tá an tOllamh Zaworotko rangaithe ar an 1% taighdeoirí is mó a luaitear agus is mó tionchar. Tá i measc an 20 ceimiceoir taighe is fearr ar domhan.
- An Dr Tofail Syed, Roinn na Fisice agus Fuinnimh agus ball de MSSI ar ar bronnadh Dámhachtain Acadúil Teicneolaíochta Leighis ó Chumann Feistí Leighis na hÉireann. Chum sé (i gcomhar le Cook Medical) cóimhiotal nua a fhágfaidh go mbeidh feistí leighis níos feiceálaí laistigh den cholainn faoi x-ga. Thug an fhorbairt sin deis infheistíochta agus leathnaithe nach beag ag Cook Ireland, Luimneach.
- Bhronn EUSSET AND IISI an dara dámhachtain dhébhliantúil saoil dá chuid ar Liam Bannon, Ollamh Emeritus, as an obair a rinne sé i dtaca le taighde CSCW Eorpach a chruthú agus a fhorbairt mar réimse faoi leith taighde, réimse ina mbíonn aird ar chleachtas ríthábhachtach do dhearadh córas sochtheicniúil.
- Bhuaigh an Dr Mark Southern an chéad ghradam Resarch2Business de chuid Knowledge Transfer Ireland a bhronn Sean Sherlock TD, an tAire Taighde agus Nuálaíochta ag seoladh Oifig agus tairseach Knowledge Transfer Ireland, an chéad chean dá chineál san Eoraip.
- Bhí taighde MACSI an Dr William Lee ar an matamaitic is bun leis an bpionta foirfe ar an gclár Food Unwrapped de chuid Channel 4 i m i Aibreáin 2014. Féachann an tsraith seo ar mhodhanna cliste, nuálacha nó ardteicneolaíochta táirgthe a úsáidtear chun táirge atá i mbéal an phobail a dhéanamh.
- Toghadh an tOllamh Stephen O'Brien, Roinn na Matamaitice agus an Staidrimh agus MACSI ar an gcéad Uachtarán Éireannach ar ECMI, Cuibhreannas na hEorpa um Matamaitic do Thionsclaíocht.

**Duaiseanna/Gradaim/Foilseacháin na Mac léinn**

- Bhronn an Dr Norah Patten, an Bainisteoir Eisteagmhála agus Cumarsáide, IComp deis ar 4 dhalta ó Choláiste Pobail N. Nessan, Luimneach a dturgnamh eolaíochta a sheoladh amach sa spás le misean Orbital Sciences Orb-w ar an Spás-stáisiún Idirnáisiúnta le NASA. Ba iad Coláiset N. Nessan a bhuaigh an comórtas 'Only Way is Up' a mhaoinigh SFI.

- Bhuaigh Gillian Johnson, mac léinn le heach-eolaíocht, an chéad duais i gComórtas Eolaí Óg Idirnáisiúnta Alltech.
- Bhuaigh Darren Lehane, BSc Product Design and Technology gradam 2014 James Dyson.
- Bhuaigh an Dr Anthony Maher, mac léinn le heolaícohtaí ceimice agus comhshaoil Íomhá na Bliana (2014) SFI.
- Bhuaigh Kevin Brosnan, BSc Mathematical Sciences, Bonn Óir na hOllscoile in 2014.
- Thug an eagraíocht ilnáisiúnta cheannródaíoch, Accenture, aitheantas d'éachtaí na mac léinn ab fhearr feidhmíocht sa chéad bhliain agus bronnadh gradam agus teastas éachtaíochta ar Robert Lohan agus ar Colin O'Sullivan, an Roinn Teicneolaíochta Déantúsaíochta agus Dearaidh.
- Bronnadh Scoláireacht George J. Mitchell ar Mark Brennan, mac léinn ar an MSc in Mathematical Modelling, céimí de chuid Johns Hopkins University, Maryland, SAM.

## SCOIL GHNÓ KEMMY (KBS)

Tá Scoil Ghnó Kemmy ar cheann de na scoileanna gnó is mó sa tír agus beagnach 3,000 mac léinn lánaimseartha agus páirtaimseartha cláraithe inti. Tá rún daingean ag an Scoil Ghnó sárchaighdeán a thabhairt i gcrích ina cuid teagaisc agus taighde agus naisc láidre, bhuana a thabhairt chun cinn leis an lucht gnó ar bhonn náisiúnta, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tá ceithre roinn acadúla i Scoil Ghnó Kemmy agus roinnt ionad taighde speisialta agus roinnt aonad a chuireann cláir ar fáil, atá lonnaithe sna ranna den chuid is mó. Tá an Scoil ar cheann de na scoileanna gnó is mó sa tír agus tá beagnach 2,800 mac léinn lánaimseartha agus páirtaimseartha aici atá ag tabhairt faoi raon clár fochéime agus iarchéime. Tá breis is 100 duine ag obair i gceithre roinn KBS: Roinn na Cuntasaíochta agus an Airgeadais; Roinn na hEacnamaíochta; Roinn na Bainistíochta agus na Margaíochta; Roinn an Chaidrimh Phearsanra agus Fostaíochta.

**Príomhghníomhaíochtaí:**

**Seimineár KBS agus Cornell University**

Thionóil an Grúpa Taighde PPP agus Príobháidiúcháin in KBS seimineár i gcomhar leis an Cornell Program in Infrastructure Policy an 29 Bealtaine. Ba é an seimineár *Challenges of PPPs in Turbulent Times* an chéad cheann de roinnt tionscnamh atá beartaithe idir KBS agus Cornell University.

**Entrepreneur Boot Camp**

Rinne Briga Hynes ó KBS meantóireacht ar mhic léinn fiontraíochta a ghlac páirt sa Student Entrepreneurs Boot Camp a reáchtáladh in Ionad Nuálaíochta Nexus (Meitheamh 4-7) i dtaca le tuairimí gnó a fhorbairt agus a chur i láthair ar bhealach cruthaitheach. Ghlac Briga páirt chomh maith ar phainéal saineolaithe 'Dragons Den' a thug aiseolas do mhic léinn faoina moltaí gnó'.

**Seimineáir Thaighde**

Chuir an Dr Thomas O'Connor, An Roinn Eacnamaíochta, Airgeadais agus Cuntasaíochta in OÉ Maigh Nuad seimineár i láthair dar teideal *Governance and the Corporate Life-Cycle* an 29 Samhain 2013. Scrúdaigh an seimineár an éabhlóidiú a thagann ar rialachas corparáideach ar feadh timthriallacha corparáide agus úsáid á baint as sonraí samplacha ó ghnólachtaí i 21 thír ag a bhfuil margadh atá ag teacht chun bisigh.

Reáchtáladh seimineár Iomaíochais trí Idirnáisiúnú dar teideal 'How exporting will help you grow your Business' an 9 Nollaig. Comhsheimineár idir Cumann Onnmhaireoirí na hÉireann agus Scoil Ghnó Kemmy a bhí ann agus ba é b'aidhm leis léargas a thabhairt do ghnólachtaí áitiúla ar dheiseanna fáis ghnó a bhaineann le honnmhairiú.

Chuir an tOllamh Avi Shankar, University of Bath, seimineár i láthair i dtaobh úsáid a bhaint as teoiric shóisialta chun léirmheas a dhéanamh ar chleachtais mhargaíochta agus ar chultúr an tomhaltóra an 20 Éanáir. Is iad réimsí eile taighde an Oll. Shankar an fhorbairt atá ag teacht ar idirghníomhaíochtaí idir an táirgeoir agus an tomhaltóir agus conas is féidir taighde a dhéanamh orthusan chun léargas a thabhairt ar eispéireas saoil na ndaoine lena mbaineann.

**Gradaim BSTAI**

Thionóil KBS, i gcomhar le Cumann Múinteoirí Staidéar Gnó na hÉireann (BSTAI), an dara Searmanas Bliantúil um Ghradaim an Teastais Shóisearaigh i gCeoláras na hOllscoile. Thug an mhór-ócáid sin aitheantas do dhaltaí a bhain grád ‘A’ amach i Staidéar Gnó Ardleibhéil sa Teastas Sóisearach in 2013. Bhí oiread agus 300 dalta ó scoileanna i gCathair agus i gContae Luimnigh, an Chláir agus Thiobraid Árann Thuaidh a bhain an grád sin amach i láthair lena dtuismitheoirí, lena bPríomhoidí agus lena múinteoirí Staidéir Ghnó.

**Ceardlanna Idirnáisiúnta**

Chuaigh mic léinn an **MA in International Tourism** cuairt taighde ar Chúba. Le linn na cuairte d'fhreastail na mic léinn ar léachtaí a thug acadóirí ó Chúba agus mheasc siad le comh-mhic léinn ó Ollscoil Havana. Thug mic léinn an **MSc International Management and Global Business** cuairt taighde, arbh fhiú 3 ECTS í, ar Cape Town san Afraic Theas. D'fhoghlaim na mic léinn faoi chúrsaí gnó san Afraic Theas i léachtaí a thug acadóirí ón Afraic Theas agus ó chruinnithe le bainisteoirí ar ghnólachtaí beaga agus móra san Afraic Theas.

**Seimineáir Thaighde**

Thug an tOllamh Jan Jonker ón Nijmegen School of Management in Radboud University Nijmegen, an Ísiltír, seimineár faoi théama taighde na Fiontraíochta, na Nuálaíochta agus na Margaíochta (E.I.M.) an mhí seo. “*New Business Models: an exploratory study of changing transactions creating multiple value(s)"* ba theideal den chaint.

Thug Victoria Mattingly, Colorado State University (CSU), seimineár faoi théama taighde na hOibre, an Eolais agus na Fostaíochta (WKE). “*Finding the time that has been there all along: Combating student reluctance to spaced learning*” ba theideal den chaint a thug sí i mí an Mheithimh.

Thionóil téama taighde na hOibre, an Eolais agus na Fostaíochta seimineár a thug **an Dr Jesús Barrena Martínez,** Roinn na Bainistíochta Gnó, Ollscoil Cadiz, an Spáinn, dar teideal “*The different sides of socially responsible human resource policies and their connection with intellectual capital: Results from a factorial and a cluster analysis*” in KBS an11 Meán Fómhair 2013.

Thionóil Sraith Seimineár an Bheartais Phoiblí, na Fiontraíochta, an Rialachais agus na hInbhuanaitheachta (PPEGS) seimineár a thug **an Dr Esther Ferrandiz**, Roinn na hEacnamaíochta, Ollscoil Cadiz (an Spáinn) dar teideal “*Does inter-regional scientific*

*collaboration in academic research encourage the quality of science?*" i mí Mheán Fómhair 2013.

Thionóil téama taighde na hOibre, an Eolais agus na Fostaíochta (*WKE)* seimineár a thug an Dr Emma Parry, dar teideal ***Setting up a 'Research Incubator',*** i mí Mheán Fómhair 2013.

Chuir Sraith Seimineár an Bheartais Phoiblí, na Fiontraíochta, an Rialachais agus na hInbhuanaitheachta (PPEGS) tús le seimineáir sheimeastar an Fhómhair el caint a thug an Dr Justin Doran, Scoil na hEacnamaíochta i gColáiste na hOllscoile Corcaigh dar teideal ***The Role of Stimulating Employees Creativity and Idea Generation in Encouraging Innovation in Irish Firms,*** i mí Dheireadh Fómhair.

**Dámhachtainí Dáimhe**

**Maoiniú do Thaighde Idirnáisiúnta**

Bronnadh maoiniú €650,000 ar an Dr Stephen Kinsella chun tionscadail taighde idirnáisiúnta a stiúradh chun scrúdú a dhéanamh ar an ngéarchéim dhomhanda airgeadais. Mar chuid den taighde, beidh an Dr Kinsella ag comhoibriú leis an mBuaiteoir Nobel, an tOllamhJoseph Stiglitz atá lonnaithe i Nua-Eabhrac. Déanfaidh an tionscadal trí bliana staidéar ar éabhlóidiú an fhiachais agus na déimeagrafaíochta ar imeall na hEorpa agus forbrófar múnlaí nua chun tuiscint a fháil ar gheilleagar na hEorpa.

**Pointí CAO 2013**

Bíonn 400+ pointe de dhíth anois chun áit a fháil ar gach clár i Scoil Ghnó Kemmy de réir CAO 2013. Díol suntais is ea an Bachelor of Business Studies (LM050), an clár is mó dá chineál sa tír, a bhfuil 410 pointe (+35 pointe ) de dhíth chuige anois mar aon leis an gclár nua, BA International Business (LM056), ar tháinig an méadú ba mhó pointí air go 460 pointe (+30).

**KBS sa Ghrúpa Ardghradain PRME**

Ba í Scoil Ghnó Kemmy an chéad scoil ghnó in Éirinn a shínigh an tionscnamh Prionsabail NA um Oideachas sa Bhainistíocht Fhreagrach (PRME), in 2008 (baineann sé phrionsabal le PRME atá mar a bheadh creat treorach don fhreagracht chorparáideach agus don inbhuanaitheacht san oideachas gnó, agus iad bunaithe ar luachanna Comhaontas Domhanta na NA.) Thug na NA cuireadh do KBS páirt a ghlacadh sa chóhort "Laochra PRME" arb é atá ann 28 scoil ghnó as an 500 scoil ghnó atá ag obair ar an tionscadal seo ar fud an domhain. Thug institiúidí Laochra PRME gealltanas uaillmhianach maidir le hobair a dhéanamh i gcomhar lena chéile chun gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a chothú a rachaidh i ngleic le bacainní coiteanna le réalú an oideachais sa bhainistíocht fhreagrach. Is é an chéad rud a dhéanfaidh grúpa Laochra PRME sainmhíniú a dhéanamh ar an gceannaireacht ó thaobh an oideachais sa bhainistíocht fhreagrach, ceitéir a shonrú maidir le dul chun cinn a

mheas, agus ródmhapa a leagan síos um fheabhsú leanúnach do phobal uile PRME. Tá rún ag an ngrúpa go mbeadh PRME níos gníomhaí sa rannpháirtíocht le gníomhaireachtaí, le cistí agus le cláir Náisiún Aontaithe, mar aon le breis is 7,000 cuideachta atá rannpháirteach i gComhaontú Domhanda na NA.

Díreoidh an grúpa Laochra PRME ar cheithre spriocréimse i dtréimhse thriallach dhá bhliain, rud a bheidh ag teacht leis an dul chun cinn a rinne Comhaontú Domhanda LEAD le déanaí, arb é atá ann ardán ceannaireachta do chuideachtaí atá páirteach sa Chomhaontú Domhanda. Beidh Scoil Ghnó Kemmy an-ghníomhach i réimsí an taighde agus na forbartha curaclaim.

**Creidiúnú AMBA bronntar ar Chlár MBA**

Bhron Cumann na MBA (AMBA) creidiúnú ar 5 bliana ar KBS i mí Lúnasa. Tá AMBA ar cheann de na trí mhórchreidiúnú idirnáisiúnta ar a dtugtar an 'Triple-Crown' agus is annamh a bhronntar an chéad chreidiúnú ar feadh tréimhse cúig bliana.

**Creidiúnú AACSB**

D'fhaomh AACSB iarratas KBS ar incháilitheacht do chreidiúnú AACSB agus táimid i mbun na céime sannta meantóra agus iarratais anois.

**Staidéar ar Dhúshláin Thionscal Bogearraí na hÉireann**

Rinne Lero, Ionad Taighde Innealtóireachta Bogearraí na hÉireann; Scoil Ghnó Kemmy agus an Centre for Science, Technology & Innovation Policy in University of Cambridge staidéar ar thírdhreach na mbogearraí in Éirinn. Foilsíodh an staidéar "Irish Software Landscape" i mí Iúil.

**CLS na gCoimisinéirí Ioncam**

Ach ar síníodh comhaontú leibhéil seirbhíse leis na Coimisinéirí Ioncaim le déanaí, beidh ar chumas KBS a thuilleadh forbartha a dhéanamh ar an Ionad Náisiúnta um Staidéar Canachais mar aon le cur le cáil idirnáisiúnta an choláiste i dtaca le saineolas cánach.

**Gradam Jennifer Burke don Nuálaíocht sa Teagasc agus san Fhoghlaim buaite ag KBS**

Bronnadh Gradam Jennifer Burke don Nuálaíocht sa Teagasc agus san Fhoghlaim ar fhoireann KBS i mí an Mheithimh. Ar bhaill na foirne bhí an Dr Paddy Buckley, an Dr Elaine Doyle, an Dr John Garvey, an Dr Fergal O'Brien agus Maeve McCutcheon (UCC). Is gradam náisiúnta teagaisc é Gradan Jennifer Burke a bhronnann Cumann na hÉireann um Theicneolaíocht na Foghlama gach bliain.

**Gradam Sármhaitheasa Taighde UL buaite ag KBS**

Bronnadh Gradam Sármhaitheasa Taighde UL na bliana seo ar an Ollamh Paddy Gunnigle, An Roinn Pearsanra agus Caidrimh Fostaíochta. Bronnadh an gradam, ach a ndearnadh athbhreithniú seachtrach, ar Paddy ag searmanas bronnta mhí Lúnasa.

**Gradam Sármhaitheasa Teagaisc UL buaite ag KBS**

Bronnadh Gradam Sármhaitheasa Teagaisc UL na bliana seo ar Orla Lenihan, Roinn na Cuntasaíochta agus an Airgeadais, arb é sin ceann de na gradaim is tábhachtaí is féidir le UL a bhronnadh gach bliain. Bronnadh an gradam ar Orla ag searmanas bronnta mhí Lúnasa.

**Gradam Sármhaitheasa Seirbhíse don Phobal UL buaite ag KBS**

Bronnadh Gradam Sármhaitheasa Seirbhíse don Phobal UL ar an Dr John Lannon i mbliana.

Bronnadh an gradam ar John ag searmanas bronnta mhí Lúnasa.

**Gradaim Foirne KBS**

Sa chaint a thug sé don fhoireann ag deireadh na bliana, bhronn an Dr Philip O'Regan gradaim ar na baill foirne seo a leanas as an gcion oibre a rinne siad do Scoil Ghnó Kemmy i mbliana. Ba iad sin: Bernie O'Connell, Robert Dalton, Stephen Kinsella, Kathleen Keane, Josephine O'Sullivan, Regina McNally, James Ryan agus Elaine Kirwan.

Bhuaigh Orla Lenihan Comórtas Taighde Dochtúireachta Chumann Cuntasaíochta agus Airgeadais na hÉireann 2013.

Bronnadh an dara togra FP7 ar an Dr Martin Mullins & an Dr Finbarr Murphy lena ngabhann buiséad um €240k. Is é a bheidh siad a dhéanamh ceist inárachais na nanaitheicneolaíochta a scrúdú.

Bronnadh 359,000 euro mar chuid de thogra FP7 2.3 milliún euro E-COMPARED ar Stephen Kinsella, i gcomhar le Pepijn Van der Ven agus John Nelson.

Bronnadh 30,000 ar Stephen Kinsella ó chiste Ghníomhartha Bheartas an Rialtais um Ailtireacht 2009-2015 don togra IU Limerick: Designing Policies i gcomhar le Annmarie Ryan, Merritt Bucholz agus Grainne Hassett.

Cheap an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Jim Deegan ar Bhoard an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta – Fáilte Éireann ar feadh téarma 4 bliana.

Fuair an Dr Deirdre O'Shea & a comhghleacaithe UL Síolmhaoiniú €6,963.18 chun taighde a dhéanamh ar "**Mind matters in Elite Rugby Academies: An evaluation study of a resilience training programme for at risk elite athletes**".

**Duaiseanna/Gradaim/Foilseacháin na Mac léinn**

**Comórtas Náisiúnta Enactus Ireland**

Tugann Enactus, comhlacht atá beag beann ar bhrabús a chuidíonn le mic léinn ollscoile tabhairt faoin bhFiontraíocht Shóisialta, aitheantas gach bliain do mhic léinn a bhaineann leas as prionsabail ghnó chun tograí phobail a chur le chéile agus a chur i ngníomh. Chuir KBS

foireann isteach ar an gcomórtas náisiúnta den chéad uair riamh agus bhain siad an babhta ceannais amach i mí na Bealtaine. In ainneoin nár bhuaigh siad, d'éirigh chomh maith sin leis an bhfoireann gur bhronn KPMG scoláireacht ar bheirt acu d'fhonn a chur ar a gcumas freastal ar bhabhta ceannais an chomórtais i Meicsiceo.

**Gradaim Scoth na Scoláirí**

Bronnadh Gradaim Scoth na Scoláirí KBs 2014 i mí an Aibreáin. Tugadh ómós do chaoga mac léinn den scoth, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, a chruthaigh thar barr i 29 gclár dhifriúla ag an ócáid. Ba í Catherine Duffy, Bainistíocht Ghinearálta, Northern Trust Limerick a bhronn na gradaim. I dteannta gradaim Northern Trust, bronnadh Duais Chuimhneacháin Louise Newman ar Patrick Stritch as a fheabhas a d'éirigh leis i mBliain 4 den BBS Risk Management & Insurance Major Option. Rinne Institiúid Árachais na hÉireann urraíocht ar an ngradam agus ba é an tUasal Paddy Redmond, Leas-Uachtarán, a bhronn an gradam.

**Gradam Seaimpín Dúshlán Náisiúnta Mac Léinn Gradireland**

Ba í Ava Mahony, mac léinn atá sa bhliain dheireanach den Masters of Taxation, a thug an lá léi as an 60 mac léinn ab fhearr in Éirinn, rud a d'fhág gurbh í an chéad iníon léinn riamh a bhuaigh Gradam Seaimpín Dúshlán Náisiúnta Mac Léinn Gradireland agus an chéad seimpín sa chomórtas sin ó UL.

Thionóil Roinn na hEacnamaíochta seimineár a thug an Dr Julien Mercille, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, dar teideal "*The Role of the Media in Ireland's Economic Crisis***"**.

Thionóil AWR-net & téama taighde na hOibre, an Eolais agus na Fostaíochta (*WKE)* comhsheimineár i mí Feabhra. Ba é an tOllamh Alan Barrett ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta a thug an seimineár dar teideal "*Peer Groups, Employment Status and Mental Well-being among older adults in Ireland*"

Thionóil téama taighde an Bheartais Phoiblí, na Fiontraíochta, an Rialachais agus na hInbhuanaitheachta (PPEGS) seimineár taighde a thug an Dr Catherine Salomoni, ó Ollscoil Pau agus Pays de l'Adour i mí Feabhra, seimineár dar teideal "*Social Inequalities in France*".

Thionóil téama taighde an Bheartais Phoiblí, na Fiontraíochta, an Rialachais agus na hInbhuanaitheachta (PPEGS) seimineár taighde a thug an

Dr Jane Bourke, Roinn na hEacnamaíochta, Coláiste na hOllscoile Corcaigh dar teideal *"The role of HRM and ICT Complementarities in Firm Innovation: Evidence from Transition Economies"* i mí an Mhárta.

Reáchtáil Roinn na hEacnamaíochta caint a thug Seamus Coffey, Roinn na hEacnamaíochta, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, dar teideal "*The Effective Rate of Corporation Tax in Ireland: what do we know, what would we like to know?"*.

Thionóil Téama Taighde WKE seimineár a thug an Dr Sinead Monaghan dar teideal "*Synergistic Networks between Multinational Subsidiaries and Subnational Actors: Role, Interaction and Variation within a Small, Highly Globalised Economy"* i Scoil Ghnó Kemmy.

Thionóil téama taighde an Bheartais Phoiblí, na Fiontraíochta, an Rialachais agus na hInbhuanaitheachta (PPEGS) dhá sheimineár: Thug an tOllamh Robert Kirk, Department of Accounting, Finance and Economics, University of Ulster, seimineár dar teideal "A New beginning for financial reporting in Ireland, Evolution or revolution?" i mí an Mhárta.

Thug an Dr Micheál Collins, *NERI (*Nevin Economic Research Institute), seimineár dar teideal "**The Direct and Indirect Tax Contributions of Households in Ireland: Estimates and Policy Implications"** i mí an Aibreáin.

### Ceardlann ar Mhaoiniú Taighde

Thionóil KBS ceardlann ar mhaoiniú taighde (12 Samhain) chun eispéiris a roinnte agus chun a fháil amach cé na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le comhoibriú agus iarratais bhreise ar mhaoiniú.

Bhronn Cumann na Síceolaíochta Feidhmí Spóirt maoiniú ar Dheirdre O'Shea agus ar an Dr Tadhg MacIntyre (PESS) chun taighde a dhéanamh ar fholláine síceolaithe spóirt.

### Clár an Ionaid um Éachtaíocht Acadúil

Cuireann clár an Ionaid um Éachtaíocht Acadúil (CAA) DCU ranganna saibhrithe saor in aisce ar fáil do dhaltaí bunscoile as ceantair i mBaile Átha Cliath atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch. I gcomhar e KBS, tá clár an CAA á leathnú den chéad uair riamh agus déanfar 3 chúrsa sa seimeastar a thairiscint i Scoil Ghnó Kemmy do dhaltaí ardchumais idir 10 agus 12 bhliain d'aois as teaghlaigh ísealioncaim. Beidh naoi gcúrsa dhifriúla ar siúl i rith na bliana acadúla. Is comhoibriú é seo idir Seirbhís ROCHTANA UL ACCESS, Scoil Ghnó Kemmy agus Ionad Ógánaigh Thréitheacha na hÉireann (CTYI), le maoiniú ó BDO Luimneach.

### KBS i gcathaoirleacht ar Chomhdháil EDiNEB

Rinne KBS cathaoirleacht ar an 21ú Comhdháil Bhliantúil de chuid EDiNEB (Nuálaíocht Oideachais san Eacnamaíocht agus i nGnó) a reáchtáladh an 6-6 Meitheamh. Ba é téama na comhdhála "Business Education Design for 21st Century Learning". Chuir go leor acadóirí de chuid KBS páipéar i láthair ag an gcomhdháil, mar aon leis an iliomad láithreoirí idirnáisiúnta ón Eoraip agus ó Cheanada.

### Comhdháil ar an Ástaeireachas mar Feiniméan Sóisialta ar siúl in KBS

Thionóil KBS comhdháil dar teideal **"Austerity: Economic, Political and Social Perspectives"**. Ba é aidhm na hócáide smaointeoirí ceannródaíocha a thabhairt le chéile chun iarmhairtí casta an ástaeireachais ar gheilleagair na hEorpa a mheas, ástaeireacha a d'fhulaing siad de bharr ghéarchéim gheilleagrach an domhain. Rinneadh an ócáid a chraoladh beo ar líonra YSI.

### An Cheardlann Bhliantúil ar Bheartas Turasóireachta

Tugann an ceathrú ceardlann Bhliantúil ar Bheartas Turasóireachta príomhchinnteoirí na n-earnálacha príobháideacha agus poiblí agus acadóirí le chéile agus cuspóir follasach amháin acu, is é sin an cion a dhéanann an turasóireacht do gheilleagar na hÉireann a spreagadh. Is é fócas na bliana seo ionchur tábhachtach a dhéanamh san Athbhreithniú leanúnach ar Bheartas Turasóireachta. Tionscnamh de chuid an Ionaid Náisiúnta um Staidéar Beartais Turasóireachta, Roinn na hEacnamaíochta i Scoil Ghnó Kemmy is ea an cheardlann bhliantúil seo.

### An 3ú Bricfeasta Gnó KBS

Ba mhór ag KBS fáilte a chur roimh an Uasal Tony Smurfit, COO Smurfit Kappa, a bhí ina phríomhchainteoir ag an 3ú Bricfeasta Gnó a reáchtáil KBS i mí Eanáir 2014. Ba é topaic na hócáide, ag a raibh Conall O'Morain (Today FM) ina fhear an tí, "**Adventures in Paper**". Faoin tsraith cainteanna seo, ar cuireadh tús leo i mí na Nollag 2012, tugann bainisteoirí mór le rá na hÉireann cainteanna ar a mbíonn i gceist le gnó a dhéanamh i gcúinsí dúshlánacha.

### Scoil Gheimhridh KBS

D'eagraigh an Dr Antoine Godin agus an Dr Weiou Wu Scoil Gheimhridh a mhaoinigh YSI dar teideal *Agent Based Stock Flow Consistent Macroeconomic models* idir an 29 Eanáir agus an 9 Feabhra. D'fhreastail 16 mhac léinn PhD students ó ar fud an domhain ar an scoil agus thug aíonna ó Oxford, The Bank of England, Ollscoil Groningen, Ollscoil Verona, agus Observatoire Français des Conjonctures Economiques cainteanna. Details at http://s120.ul.ieStaff

## Gradaim/Duaiseanna

#### Ainmniúchán PRME

D'iarr na Náisiúin Aontaithe ar an Dr Sheila Killian (ADR) a bheith rannpháirteach ar Choiste Comhairleach Dhomhanda PRME. Tugann an t-ainmniúchán ardghradaim seo deis do KBS ionchur a bheith acu sa chaidreamh a bhíonn ag príomhthiománaithe CSR (na NA agus cuideachtaí chomhaontú na NA) le scoileanna gnó. Bhí KBS ar cheann de na chéad scoileanna gnó a bhí páirteach i dtionscnamh PRME (Prionsabail um Oideachas sa Bhainistíocht Fhreagrach) agus ainmníodh ainmníodh le déanaí í i measc 31 Laoch

Domhanda, arb é atá ann líonra do mhórscoileanna gnó idirnáisiúnta ina measc Notre Dame, INSEAD agus scoileanna den scoth eile.

**Ceapachán Oinigh Paddy Gunnigle le Rhodes University**

Ceapadh an tOllamh Paddy Gunnigle ina Ollamh Oinigh ar Cuairt le Socheolaíocht Thionsclaíoch in Rhodes University, An Afraic Theas, i mí Lúnasa. Is Ollamh ar Cuairt faoi láthair é an tOllamh Gunnigle sa Sorbonne Université Paris II (Pantheon-Assas) agus in Nelson Mandela Metropolitan University.

**Gradam don Pháipéar is Fearr**

Bronnadh an chéad Ghradam Comórtha don Pháipéar is Fearr ar an Dr Eoin Reeves as alt a foilsíodh in Local Government Studies in 2013, alt dar teideal, 'The Not So Good, the Bad and the Ugly: Over Twelve Years of PPP in Ireland'. Bronnadh an gradam tar éis próiseas dian athbhreithnithe a rinne bord eagarthóirí Local Government Studies.

**Gradam Sármhaitheasa Teagaisc Réigiúnach Chuibhreannas Shionainne 2013-14**

Tréaslaíonn KBS a gradam leis an Dr Lisa O'Malley a ainmníodh do Ghradam Sármhaitheasa Teagaisc Réigiúnach Chuibhreannas Shionainne2013/14.

## AN tIONAD TEAGAISC AGUS FOGHLAMA

Is ann don Ionad Teagaisc agus Foghlama chun scoth an teagaisc agus na foghlama a spreagadh agus a éascú in Ollscoil Luimnigh agus lasmuigh di.

Is é an ról atá aige an scoláireacht agus an taighde i dtaca le teagasc agus foghlaim a spreagadh d'fhonn a chinntiú go mbíonn luach ar an teagasc éifeachtach, go dtacaítear leis agus go ndéantar é a fhorbairt agus d'fhonn an nuálaíocht a chothú i leith gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama. Tá feabhsú eispéireas na foghlama agus na forbartha do theagascóirí agus do mhic léinn araon ríthábhachtach do ról an ionaid.

**Príomhghníomhaíochtaí:**

***Tionscnaimh CPD***

Is príomhthéamaí i dtóllamh iad rannpháirtíocht mac léinn agus sármhaitheas teagaisc sna sraitheanna Plé sa Chruibhreannas agus Teagasc san Ardoideachas i dteannta ardleibhéal rannpháirtíochta i ngréasán breithniúcháin piaraí UL.

**Foghlaim le cuidiú teicneolaíochta**

D'éirigh le tairiscint CTL maidir le EdTech2015 a thionól, arb é atá ann an ócáid bhliantúil náisiúnta is mó a bhaineann le foghlaim le cuidiú teicneolaíochta.

**Comhdháil Uile-Éireann an Taighde Fochéime (AICUR)**

Ba é an rud a d'idirdhealaigh an chomhdháil seo ó chomhdhálacha acadúla eile ba ea gurb iad mic léinn fochéime ó ar fud na ndisciplíní a thug príomhábhar na comhdhála. Tháinig baill Dáimhe ó ar fud Ollscoil Luimnigh chuig AICUR chun tacaíocht a léiriú d'ardchaighdeán na taighde a cuireadh i láthair, agus ba léachtóirí a rinne cathaoirleacht ar go leor de na seisiúin agus bís orthu a fháil amach cad faoi é AICUR.

**An tIonad Scríbhneoireachta Réigiúnach**

Forbairt na Scríbhneoireachta ar fud an Churaclaim - tionscnamh de chuid Ollscoil Luimnigh a thugann ar acadóirí an scríbhneoireacht a thabhairt isteach sna curaclaim ar bhealaí nuálacha d'fhonn céimithe deisbhéalacha a fhorbairt.

**Gradaim Sármhaitheasa Teagaisc**

Bronnadh Gradam Sármhaitheasa Teagaisc Réigiúnach Chuibhreannas Shionainne ar Niall Seery. Bronnadh gradaim sármhaitheasa teagaisc uL ar Ciaran MacNamee (grúpaí beaga) agus ar Orla Lenihan agus David Coughlan (grúpaí móra).

**Ionad na bhFoghlaimeoirí Matamaitice (MLC)**

D'fhreastail an líon ba mhó riamh foghlaimeoirí (872) ar ranganna teagaisc tacaíochta sheimeastar 2 ón mbliain 2011/2012. Ba mhic léinn a bhain leas as an tseirbhís gach seachtain iad formhór na ndaoine a d'fhreastail i mbliana.

**Ionad na bhFoghlaimeoirí Eolaíochta (SLC)**

Léirigh staidéar gur lú an seans go dteipfeadh ar mhic léinn na chéad bhliana a ghlacann páirt i Seirbhís Buail Isteach SLC agus go mbíonn a gcuid grád 7% níos airde ar an meán ná mic léinn nach mbaineann leas as an tseirbhís.

**Ionad na bhFoghlaimeoirí IT (ITLC)**

Bhain 577 mac léinn leas as an tacaíocht foghlama i rith na bliana, agus léiríonn sonraí go mbaineann ráta forchéimnithe 26% níos airde le mic léinn a bhaineann leas as an tseirbhís.

**An tIonad Foghlama Piarthacaíochta (PSLC)**

Ach a ndearnadh anailís ar na 10 gclár PSLG a chuir PSLC ar fáil sa bhliain acadúil 2013/4, léiríodh gur éirigh i bhfad níos fearr leosan a bhain leas as an ionad (a d'fhreastail ar 2 sheisiún nó níos mó) le hais daoine nár bhain leas as.

**Foghlaim Rannpháirteach – Straitéis Teagaisc, Foghlama agus Measúnachta Ollscoil Luimnigh 2014-18**

Sa bhliain 2014, ghlac Ollscoil Luimnigh le *Foghlaim Rannpháirteach: Straitéis Teagaisc, Foghlama agus Measúnachta Ollscoil Luimnigh 2014-18.* Tá trí phríomhshruth sa straitéis nua seo, arb ann di chun eispéireas mac léinn UL a fheabhsú:

- Sruth 1: Rannpháirtíocht trí Fhairsingiú
- Sruth 2: Rannpháirtíocht don Sármhaitheas
- Sruth 3: Rannpháirtíocht i dtreo Infhostaitheachta

**Beartas Ardoideachais**

Ach ar foilsíodh *an Straitéis Náisiúnta d'Ardoideachas go dtí 2030*, lean an HEA ar aghaidh in 2014 le sraith tuairiscí agus cáipéisí comhairliúcháin in 2012 ag éileamh freagraí foirmiúla ó na hinstitiúidí ar leith. Chomhordaigh Oifig an Leas-Uachtaráin Acadúil agus an Chláraitheora na freagraí thar ceann Uachtarán na hOllscoile. In 2013, áirítear orthu sin:

- Cumaisc agus Comhobair HEA - Aighneacht a rinne an Institiúid Náisiúnta um Staidéar san Oideachas (NISE), 1 Deireadh Fómhair 2014 – €50k faighte
- Síníodh agus faomhadh an Comhaontu Feidhmíochta Miseanbhunaithe leis an HEA in 2014 agus athdháileadh an maoiniú ardshlise uile ar UL as a feidhmíocht i gcoinne spriocanna comhaontaithe.

**Cuibhreannas Shionainne**

Ach ar foilsíodh Comhaontuithe institiúideacha in 2014, sonraodh ocht "nGníomh Tosaigh" agus leagadh amach iad i Meamram Tuisceana Chuibhreannas Shionainne a shínigh an bheirt Uachtarán i mí na Bealtaine 2014. Díríonn an chéim nua forbartha ar thrí phríomhthionscnamh (arna leagan amach sna Comhaontuithe):

1. **Institiúid Náisiúnta um Staidéar san Oideachas (NISE)** - ina measc an chéad tairiscint de Chlár Máistreachta do Mhúinteoirí Ealaíne in LIT le dámhachtain Ollscoil Luimnigh in 2014 (féach Aguisín 2)
2. **Scoil Chónasctha Céimithe Luimnigh**
3. **Céim Comh-onóracha (UL & MIC)**

I mí an Aibreáin 2014, chuir na trí institiúid i gCnuasghrúpa an Lár-Iarthair/Cuibhreannas Shionainne - Ollscoil Luimnigh (UL), Coláiste Mhuire gan Smál (MIC) agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh (LIT) – isteach **"Moladh Creata i dtaca le hInstitiúid Náisiúnta um Staidéar san Oideachas [NISE] a bhunú".** Sa cháipéis sin - a d'fhaomh DES/HEA i mí na Bealtaine 2014 mar chuid de chruinnithe Cainteanna Straitéiseacha leis na trí institiúid pháirtnéireachta – leagtar amach gníomhaíochtaí comhoibríocha príomha (8 gcinn san iomlán) ar fud chontanam an Oideachais Tosaigh Múinteoirí (ITE); forbairt leanúnach ghairme (CPD); taighde iarchéime; idirnáisiúnú; agus gníomh seirbhísí roinnte - agus rachaidh sé i bhfeidhm go mór ar bheagnach 4,000 mac léinn agus ar 130 acadóir agus ball foirne tacaíochta sna trí instidiúid.

## RANNÁN AN CHOMHAR-OIDEACHAIS AGUS NA nGAIRMEACHA

### An Comhar-oideachas

Is gné shainiúil d'eispéireas na mac léinn san Ollscoil é an comharoideachas, agus is anseo atá an clár socrúcháin oibre is mó sa tír agus ceann de na cinn is mó san Eoraip. Eagraíodh 1,600 socrúchán do mhic léinn thar líonra éagsúil lena n-áirítear seirbhísí airgeadais, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, innealtóireacht, déantúsaíocht, teicneolaíochtaí leighis, cógaisíocht, aeraspás, teicneolaíochtaí cruthaitheacha, bia, na gairmeacha, seirbhísí poiblí agus oideachas. Thug mac léinn as cúigear faoi shocrúcháin idirnáisiúnta i gcúig thír is fiche ar fud na gcúig mhór-roinn. Tá Ollscoil Luimnigh ar an ollscoil Éireannach is mó a bhfuil páirt aici i gclár socrúcháin oibre Erasmus agus fuair an Rannóg €380,000 i maoiniú Erasmus chun tacú le mic léinn as gach disciplín a bhíonn ag tabhairt faoi shocrúcháin laistigh den Aontas Eorpach. Le bliain anuas, roghnaíodh an Ollscoil do bhabhta ceannais don ghradam idirnáisiúnta um Sheirbhís Socrúcháin is Fearr Ollscoile 2014.

### Seirbhísí na nGairmeacha

Bhí Aonach na nGairmeacha 2013 ar an aonach gairmeacha ollscoile ba mhó sa tír, agus tháinig breis is 130 fostóir ag iarraidh mic léinn a earcú ó réimse leathan disciplíní. Léiríonn suirbhé a rinne an HEA le déanaí tiomantas na hOllscoile don infhostaitheacht, nuair a thaispeántar go bhfuil ráta fostaíochta chéimithe na hOllscoile, bliain tar éis na céime, 19% níos airde ná an meánráta náisiúnta in earnáil na hollscolaíochta. Le bliain anuas, bhuaigh céimithe UL Gradam Gradireland Céimí na Bliana 2014 agus Dúshlán Gradireland na Mac Léinn Náisiúnta 2014.

### Socrúchán Scoile

Is ag Ollscoil Luimnigh atá an clár Socrúcháin Scoile is mó sa tír agus cuirtear os cionn 800 mac léinn ón dá chlár oideachais múinteoireachta déag atá ag an Ollscoil ag leibhéal fochéime agus iarchéime amach chuig timpeallachtaí beo ranga sa líonra de breis ar 500 scoil rannpháirteach.



## AIRGEADAS

**Ioncam**

- Tháinig méadú €3.30 millliún ar an ioncam ó €124.24 milliún go €127.54 milliún.

- Tháinig laghdú 2.6% ar iomlán na ndeontas ón Stát ó €36.73 milliún go dtí €35.77 milliún. Tháinig laghdú 6.6% ar an mbundeontas athfhillteach Stáit ó €26.3m go dtí €24.6m, agus ag an am céanna bhí méadú 9% ar an deontas pinsin chun an méadú ar chostais phinsin a chumhdach. Tháinig méadú 3.6% ar ioncam ó tháillí mac léinn ó €80.25 milliún go €83.17 milliún, rud ar léiriú é ar pholasaí leanúnach an Stáit an costas a bhaineann le maoiniú na hearnála tríú leibhéal a bhaint den Stát agus a chur ar an mac léinn aonair.

- Tháinig méadú €7.25 milliún ó ioncam ó fhoinsí eile go €8.60 milliún, sin méadú 18.6%, mar gheall ar mhéadú ar ioncam ó phoist mhaoinithe, ó chonarthaí taighde agus ó thograí féinmhaoinithe eile agus ó ioncam ilchineálach ach gur chuir laghdú ar ioncam ó ús isteach ar sin de bheagán.

**Caiteachas ar Sheirbhísí Acadúla agus ar Sheirbhísí Gaolmhara**

- Mhéadaigh caiteachas ar Sheirbhísí Acadúla agus ar Sheirbhísí Gaolmhara ó €123.64 milliún go dtí €127.23 milliún, méadú 2.9%.

**Taighde ar Conradh agus Tionscadail Eile Fhéinmhaoinithe**

- Tháinig méadú 22.9% ar ioncam ó Thaighde ar Conradh ó €25.20 milliún go €31.01 milliún le linn na bliana atá faoi athbhreithniú. Cuirtear fáilte roimh an aisghabháil leanúnach i leibhéil ioncaim taighde agus táthar ag súil gur féidir an móiminteam seo a choinneáil nuair a chuirtear tuilleadh de thionscadal Bernal i bhfeidhm.

- Tháinig méadú 3.1% ó €10.26 milliún go €10.58 milliún ar chaiteachas ar thionscadail fhéinmhaoinithe. Tá an Ollscoil ag leanúint ar aghaidh le go leor de na gníomhaíochtaí seanbhunaithe sa réimse seo a phríomhshruthú.

**An Clár Caipitil**

- B'ionann caiteachas caipitil na hOllscoile agus €20.5 milliún i rith na bliana; bhain €3.5 milliún le trealamh agus an chuid eile le talamh agus le foirgnimh. Méadú €3.5 milliún é seo ar an gcaiteachas iomlán caipitil sa bhliain roimhe sin.

- Caitheadh €9.2m ar Fhoirgneamh nua Thionscadal Bernal ina mbeidh saotharlann lánfheistithe 7,459m2 chun go mbeidh deichniúr ollúna nua in ann a gcuid taighde a dhéanamh.

- Caitheadh €3.5m ar an Ionad Náisiúnta do Thaighde Ábhar Feidhmeach. Déanfaidh an tIonad seo ábhair nua agus modhanna nua a fhorbairt i réimse na cógaseolaíochta agus i réimse na n-ábhar comhchodach - réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo - agus cuirfidh sé go mór le hacmhainn Ollscoil Luimnigh taighde ábhar a dhéanamh faoi bhithábhair, faoi ábhair a bhaineann le caomhnú fuinnimh agus faoi bhithchatalú. Cuideoidh an tIonad nua le dreasachtaí a chur ar fáil do chomhlachtaí ilnáisiúnta chun go lonnóidh siad a n-acmhainn taighde agus forbartha in Éirinn; cruthófar an

bonneagar taighde cuí san Ionad a chuirfidh ar chumas na dtionscal sin a gcuid gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a lonnú anseo.

- Caitheadh €314k ar Scéim Taistil Chliste Ollscoil Luimnigh. Is éard a bhí i gceist sa scéim cosáin roinnte do choisithe/do rothaithe a dhéanamh agus áiseanna páirceála rothar atá sábháilte a chur ar fáil. Ba é an aidhm a bhí léi an fhoireann agus na mic léinn a spreagadh le nósanna taistil inmharthana a ghlacadh chucu féin le o spreagfaí daoine le siúl chun na hOllscoile, dul ag rothaíocht, dul ar an mbus nó an carr a roinnt le daoine eile seachas a bheith ag taisteal i gcarranna nach mbíonn ach duine amháin iontu.

- Tá ag éirí linn clár forbartha fisiciúla na hOllscoile a chur i bhfeidhm a bhuíochas leis an maoiniú suntasach atá á fháil ag an Ollscoil ó fhoinsí príobháideacha mar aon leis an maoiniú ón Stát.



**UNIVERSITY OF LIMERICK**

**CURRENT INCOME AND EXPENDITURE ACCOUNT** — **YEAR ENDED 30 SEPTEMBER**

| **INCOME** | **NOTES** | **2014 €'000** | **2013 €'000** |
|---|---|---|---|
| State Grants | 1 | 35,769 | 36,734 |
| Student Fees | 2 | 83,173 | 80,248 |
| Other Income | 3 | 8,602 | 7,254 |
| | | 127,544 | 124,236 |
| Contract Research and Other Self-Funded Projects | 4 | 41,592 | 35,494 |
| | | 169,136 | 159,730 |
| Mary Immaculate College | | | |
| State Grants | | 7,271 | 7,716 |
| Student Fees | | 7,446 | 8,053 |
| Less amount transferred to College | | (14,717) | (15,769) |
| **Total** | | **169,136** | **159,730** |
| **EXPENDITURE** | | | |
| Colleges and Departments | 5 | 69,679 | 69,537 |
| Academic and Other Services | 6 | 9,874 | 9,982 |
| Premises | 7 | 12,784 | 12,931 |
| Amount allocated for Capital Purposes | 8 | 5,650 | 1,425 |
| Central Administration and Services | 9 | 13,366 | 14,729 |
| General Educational Expenditure | 10 | 1,305 | 1,282 |
| Student Services | 11 | 3,698 | 3,783 |
| Miscellaneous Expenditure | 12 | 10,874 | 9,968 |
| | | 127,230 | 123,637 |
| Contract Research and Other Self-Funded Projects | 4 | 41,592 | 35,494 |
| **Total** | 13 | **168,822** | **159,131** |
| **Surplus on Activities before Amortisation of Capital Reserves and Grants, Ancillary Services and Depreciation of Fixed Assets** | | **314** | **599** |
| Surplus/(Deficit) on Ancillary Services | 14 | **43** | **(168)** |
| Depreciation of Fixed Assets | 15 | **(12,204)** | **(11,735)** |
| General Reserve Movement | 16 | **12,161** | **11,903** |
| **NET SURPLUS for year** | 24 | **314** | **599** |

**UNIVERSITY OF LIMERICK**

**BALANCE SHEET** **YEAR ENDED 30 SEPTEMBER**

| | NOTES | 2014<br>€'000 | 2013<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **TANGIBLE FIXED ASSETS** | 17 | 381,342 | 373,067 |
| **INVESTMENTS** | 18 | 6,429 | 6,334 |
| **CURRENT ASSETS** | | | |
| Bank Balances and Cash | | 102,667 | 83,059 |
| Debtors and Prepayments | 19 | 12,045 | 8,655 |
| | | 114,712 | 91,714 |
| **CURRENT LIABILITIES** | | | |
| Creditors and Accrued Expenditure | 21 | (95,733) | (100,682) |
| **NET CURRENT ASSETS/(LIABILITIES)** | | 18,979 | (8,968) |
| **LONG TERM LIABILITIES** | | | |
| Creditors due after one year | 27 | (33,492) | (9,397) |
| **TOTAL ASSETS LESS TOTAL LIABILITIES** | | **373,258** | **361,036** |
| **REPRESENTED BY** | | **€'000** | **€'000** |
| General Reserve | 22 | 349,685 | 337,684 |
| Restricted Reserves | 23 | 24,163 | 24,256 |
| Revenue Deficit | 24 | (590) | (904) |
| | | **373,258** | **361,036** |

## TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT

Is eagraíocht óg, uaillmhianach agus shofhreagrach í Ollscoil Luimnigh a bhfuil cáil na ceannródaíochta agus na nuálaíochta uirthi. Tá pobal taighde Ollscoil Luimnigh meáite ar an sármhaitheas a bhaint amach i dtaca le giniúint eolais a a théann i bhfeidhm ar an domhan. Tríd an éiceachóras foirne taighde ildisciplíneacha atá againn, déanann ár dtaighdeoirí difríocht mhór i gcúrsaí tionscail, sochaí, geilleagair, cultúir agus an tsaoil i gcoitinne.

### Téamaí Taighde

Tá sainiúlacht taighde bunaithe ag an Ollscoil trí éiteas taighde a chur chun cinn atá sannta ag teacht le chéile disciplíní scoite chun briseadh tríd bunúsach a bhaint amach agus cur chuige aistritheach á fheidhmiú acu – modh nuálach ailtéarnach taighde le hais an taighde bunúsach feidhmeach traidisiúnta – a aistríonn torthaí taighde níos tapúla i dtreo tráchtálú.

Áirítear na príomhréimsí taighde seo a leanas san Ollscoil:

- Eolaíocht Ábhar agus Dromchla
- Teicneolaíochtaí Faisnéise & Cumarsáide
- Sláinte
- Cultúr, Éagsúlacht agus Athrú Sóisialta
- Eolaíochtaí Matamaiticiúla Feidhmeacha
- Fuinneamh

### Institiúidí Taighde

Tá ceithre institiúid taighde a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu san Ollscoil:

- An Institiúid Eolaíochta Ábhar & Dromchla (MSSI) - bunaíodh an institiúid seo sa bhliain 1998 mar lárionad sárchaighdeáin a chuireann buntaighde den scoth ar fáil ar ábhair a mbaineann tábhacht thionsclaíoch leo sna réimsí eolaíochta dromchla agus ábhar. Is iad seo a leanas téamaí taighde tosaíochta an MSSI: Innealtóireacht Bhithleighis & Bithábhair; Comhábhair; Ábhair Chógaisíochta agus Ábhair d'Fhuinneamh agus don Chomhshaol.

- Institiúid Taighde Stokes (SRI) - grúpa eolaithe agus innealtóirí ildisciplíneacha, ilnáisiúnta ag obair go dlúth le tionscail, le hospidéil agus leis an rialtas. Baineann príomhghníomhaíochtaí taighde an SRI le réimse na hinnealtóireachta meicniúla micrea-scála, go háirithe teirmishreabháin agus meicnic sholaid mhicreascála.

- Tugann Lero – Lárionad Taighde Innealtóireachta Bogearraí na hÉireann – foirne innealtóireachta bogearraí den scoth le chéile ó Ollscoileanna agus ó Institiúidí Teicneolaíochta i lárionad comhordaithe sárchaighdeáin taighde le béim láidir ar thionsclaíocht. Bíonn déileáil ag Lero le réimse leathan tionscal, gníomhaireachtaí stáit, comhlachtaí oideachais agus comhoibritheoirí idirnáisiúnta chun a dhá sprioc sárchaighdeáin taighde agus ábharthacht shóisialta agus gheilleagrach a bhaint amach.

- An Institiúid do Léann an Eolais sa tSochaí (ISKS) - institiúid taighde ildisciplíneach a bhfuil baint aici le smaoineamh criticiúil ar tháirgeadh agus ar úsáid an eolais

acadúil. Tacaíonn an Institiúid le taighde ar athrú polaitíochta, sóisialta agus cultúrtha, agus ar ionannas agus ord sóisialta, go háitiúil, go réigiúnach agus ar fud an domhain.

## Éachtaí Taighde

- Tionscadal taighde eolaíochta agus innealtóireachta é Tionscadal Bernal san Ollscoil ar fiú €52 milliún é, agus cuirfidh sé cumas náisiúnta na hÉireann chun tosaigh go mór i réimsí a mbaineann tábhacht straitéiseach leo mar atá taighde Cógaisíocht, Bithleighis agus Fuinnimh. Tá earcaíocht deichniúr ollamh ar thús cadhnaíochta i gceist le Tionscadal Bernal chomh maith le tógáil foirgnimh taighde den scoth ar champas na hOllscoile.
- Is í Ollscoil Luimnigh atá i mbun an Ionaid don Chógaisíocht Sintéise agus Soladstaide (SSPC) ar bhronn SFI agus an tionscal maoiniú taighde €40 milliún air le tabhairt faoi thaighde ceannródaíoch chun déantúsaíocht chógaisíochta a dhéanamh níos éifeachtúla, níos costéifeachtaí, agus níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Comhoibriú uathúil atá san ionad idir 17 gcuideachta agus 8 n-institiúid acadúla agus beidh Éire mar lárionad domhanda do nuálaíocht próisis cógaisíochta agus d'ard-déantúsaíocht.
- Is in Ollscoil Luimnigh atá Lárionad Taighde Comhábhar na hÉireann (IComp), a cuireadh ar bun faoin tionscnamh d'Ionad Teicneolaíochta de chuid Fhiontraíocht Éireann agus an Údaráis Forbartha Tionscail agus atá lonnaithe san Institiúid Eolaíochta Ábhar agus Dromchla (MSSI).
- Ionad Teicneolaíochta Déantúsaíochta Cógaisíochta €5m in UL Is é an aidhm atá le PMTC go mbeadh Éire ina mol domhanda do nuálaíocht agus déantúsaíocht próisis cógaisíochta agus ar deireadh go dtacódh sé le tionscal a fhostaíonn os cionn 25,000 duine. Tá an tIonad lonnaithe in UL agus ba iad Fiontraíocht Éireann agus IDA Éireann a chomhbhunaigh é. Tugann sé le chéile 24 comhpháirtí tionscail agus 9 Institiúid Ardoideachais a chuirfidh taighde ar fáil.
- Tá an Ollscoil mar chuid d'ionad Food for Health Ireland (FHI) ar bronnadh infheistíocht €21 milliún air ó Chlár Ionaid Teicneolaíochta Fhiontraíocht Éireann. Cuireann comhpháirtithe FHI eolas den scoth ar fáil ar eolaíocht agus ar an tionscal déiríochta in aon ionad taighde amháin atá dírithe ar chomhábhair chothaitheacha agus táirgí bia fheidhmiúil a fhorbairt, a tháirgeadh, a mhargú agus a dhíol chun sláinte agus folláine daoine a fheabhsú. Leithdháileadh maoiniú €2.4 milliún faoin ngradam seo don Ollscoil.
- Tá dhá Ionad Teicneolaíochta eile lonnaithe san Ollscoil, mar atá an tIonad Teicneolaíochta do Bhithscagadh agus Bithfhuinneamh agus an tIonad Teicneolaíochta Micrileictreonaice.
- Bronnadh maoiniú SFI ar fiú os cionn €4 milliún é ar thrí thionscadail taighde i réimsí na matamaitice, na cógaisíochta agus na n-ábhar comhchodach in Ollscoil Luimnigh. Daingníonn an fógra cáil UL mar ionad sármhaitheasa i dtaca le taighde inaistritheach, a dhíríonn ar dul i bhfeidhm go dáiríre ar thionscal na hÉireann. Is acadóirí ó Dhámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta atá ag stiúradh na dtrí thionscadal sin.

- Shínigh UL conarthaí chun leathnú foirgnimh taighde €8.5m a thógáil ar an gcampas. Cuirfidh an fhorbairt 2,750$m^2$ leis an Institiúid Eolaíochta Ábhar agus Dromchla (MSSI). Is fiú breis is €12m an infheistíocht trí chéile agus tá formhór an mhaoiniúcháin le fáil ón gcúigiú snáithe den Chlár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal PRTLI (V). Cuirfidh an fhorbairt 13 shaotharlann speisialtóireachta, oifigí agus spás eile do 60 ball foirne taighde ar fáil.
- Bronnadh breis is €1.85 milliún de mhaoiniú ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) ar cheathrar taighdeoirí in Ollscoil Luimnigh, arb é atá ann trí Ghradam Forbartha Gairme agus Deontas Taighdeora Tosaigh. Baineann na gníomhaíochtaí taighde a fhaigheann tacaíocht ó na deontais seo le réimsí ríthábhachtacha cosúil le hailse, fuinneamh malartach, naineolaíocht agus seachadadh drugaí.
- Fuair togra taighde UL arb é is aidhm leis teachtar bhealaí nua chun comhchodanna a nascadh €1.35 milliún ó Chlár Imscrúdaitheoirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Meastar gur bhfuil Ollscoil Luimnigh ar cheann de na hinstitiúidí acadúla is ceannródaíche i dtaca le nascadh meicniúil comhchodanna, mar is léir ón aschur nach beag in irisí breithnithe agus ó chaibidilí leabhair a foilsíodh ar an ábhar.
- Tá an tOllamh Michael Zaworotko, Cathaoir Bernal ar Innealtóireacht Criostail in Ollscoil Luimnigh rangaithe i measc an 1% is airde acadóirí ar domhan ó thaobh líon na n-amanna a luaitear é agus an tionchar atá aige. Níor bhain ach trí mhíle taighdeoir an cháil sin amach tríd an líon is mó tuairiscí a scríobh a ainmníonn Essential Science Indicators℠ ina bPáipéir Ardluaite —agus iad i measc an 1% is minice luaite ina réimsí féin i mbliain an fhoilseacháin.
- Fógraíodh Ollscoil Luimnigh ar an gcéad ollscoil in Éirinn le bheith ina ball den National Academy of Inventors (NAI). Baineann an National Academy of Inventors le hollscoileanna i Meiriceá agus go hidirnáisiúnta, le hinstitiúidí taighde rialtais agus neamhbhrabúis agus tá breis is 3,000 aireagóir agus Comhalta ann ó 200 institiúid. I measc na mball tá daoine a bhfuil Duaiseanna Nobel bainte amach acu agus na cúig ollscoil is fearr ar domhan lena n-áirítear Harvard, Yale agus MIT.
- Fuarthas maoiniú ó Fhoras Croí na hÉireann do staidéar UL arb é is aidhm leis tuiscint a fháil ar an gcaoi a dtéann tréimhsí fada gan ghníomhaíocht i bhfeidhm ar shláine cardashoithíoch ógánach. Is é an tIonad um Thaighde ar Ghníomhaíocht Fhisiciúil agus Sláinte, Ollscoil Luimnigh, a stiúrfaidh an taighde dar teideal "Sitting around all day doing nothing? The effects of sitting, standing and light activity on adiposity and cardiovascular disease risk in adolescents"
- Rinne an Institiúid Eolaíochta Ábhar agus Dromchla (MSSI) in Ollscoil Luimnigh fionnachtain shuntasach i réimse na teicneolaíochta cadhnra in-athluchtaithe. D'fhorbair an mheitheal taighde in Ollscoil Luimnigh teicneolaíocht a mhéadaíonn acmhainn anóidí cadhnraí ian itiam faoi dhó ar a laghad agus a fhágann gur féidir leo an ard-acmhainn sin a choinneáil fiú amháin tar éis iad a luchtú agus a dhíluchtú breis is 1000 babhta. Thacaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) leis an taighde faoi Chlár an Phríomhthaighdeora agus fuarthas maoiniú AE trí Thionscadal GREENLION freisin.
- Bhuaigh Ollscoil Luimnigh an Gradam do Theicneolaíocht Nua Leighis ag Gradaim Shármhaitheasa Thionscal na Teicneolaíochta Leighis. Tugann na Gradaim seo, a thionólann Fiontraíocht Éireann, IDA Éireann agus Cumann Feistí Leighis na hÉireann, aitheantas agus luach saothair do shárchleachtas in earnáil na teicneolaíochta leighis in Éirinn. Tá traidisiún fada ag UL maidir le dlúth-chomhoibriú le lucht tionscail agus gnó in go leor earnálacha déantúsaíochta in Éirinn, ina measc feistí leighis, cógaisíocht, ICT agus innealtóireacht.

**NUÁLAÍOCHT AGUS TRÁCHTÁLÚ**

Fuarthas 30 faisnéisiú fionnachtana ó thaighdeoirí na hOllscoile (138 le cúig bliana anuas), rinneadh 6 iarratas ar phaitinní nua (42 le cúig bliana anuas), cheadaigh Oifig Paitinne na hEorpa agus Mheiriceá ceithre phaitinn nua Ollscoile, bunaíodh dhá chuideachta nua campais (bunaíodh naoi gcuideachta le cúig bliain anuas), agus síníodh seacht gcomhaontú aistrithe teicneolaíochta (45 le cúig bliain anuas). Tugadh chun críche comhaontuithe ceadúnais chun nuálaíochtaí de chuid na hOllscoile a úsáid le réimse cuideachtaí lena n-áirítear: Cook Medical, Gencell Bio, Mitsubishi, Stryker, Class Medical, Red Mills, Transgero agus Rosetta Foundation.

Bunaíodh dhá mhac-chuideachta de chuid na hOllscoile le linn na bliana: Tabharfaidh Class Medical Steallaire Sábháilteachta Cataitéir Trasúiréadach chuig margadh na bhfeistí leighis. Forbraíodh an feiste le tacaíocht deontais ó Fhiontraíocht Éireann agus bhuaigh sé Gradam Nuálaíochta EI Cleveland Clinic roimhe seo. Cuirfidh Transgero seirbhísí speisialaithe ar fáil i réimsí árachais agus riosca, go háirithe i réimsí nua riosca árachais atá ag teacht chun cinn.

Bhunaigh Ollscoil, IT Thrá Lí agus IT Luimnigh Cuibhreannas in 2012 chun seachadadh roinnte ar sheirbhísí aistrithe teicneolaíochta a chumasú sna trí institiúid. Cuireann an Cuibhreannas seo, faoi stiúir Ollscoil Luimnigh, ar chumas cuideachtaí sa réigiún agus go náisiúnta leas a bhaint as an taithí leanúnach agus iad ag déileáil le ball ar bith den Chuibhreannas. Rinneadh athbhreithniú ar an gCuibhreannas in 2004 agus bronnadh 'Rátáil A', an ráta is airde dá bhfuil ann, air.

Bhain mac-chuideachta UL Rosetta Foundation buaicphointe mór amach in 2014. Tá 5,000 oibrí deonach teanga rannpháirteach aige anois san ardán nuálaíoch Translation Commons agus tá líon na n-oibrithe deonacha ag méadú 64% gach bliain, agus seirbhísí aistriúcháin saor in aisce á gcur ar fáil aige in 88 teanga do 120 eagraíocht atá beag beann ar bhrabús in 27 tír. Meaitseálann an t-ardán Translation Commons tograí agus eagraíochtaí aistriúcháin atá beag beann ar bhrabús le scileanna agus le spéiseanna aistritheoirí deonacha ar fud an domhain. Sheol Rosetta Foundation, a bhfuil go leor duaiseanna buaite aige, níos lú ná bliain ó shin é. Is mac-chuideachta de chuid Ollscoil Luimnigh é atá beag beann ar bhrabús a oibríonn chun teacht chomhionann ar eolas agus ar fhaisnéis a chur ar fáil ar fud theangacha an domhain.

Thug an mac-chuideachta de chuid Ollscoil Luimnigh (UL), Crescent Diagnostics Ltd, teicneolaíocht cheannródaíoch scagtha Osentia™ chun an mhargaidh. Forbraíodh san Institiúid Eolaíochta Ábhar agus Dromchla (MSSI), UL, é trí thaighde chomhbhunaitheoir Crescent, an tOllamh Mark Towler. Is é is Osentia™ ann tástáil áisiúil scagtha neamhionraigh a thugann faoi deara daoine atá i mbaol briseadh leochaileachta trí scamhadh iongan méire láimhe nó coise a anailísiú. Leis an eolas sin, is féidir le custaiméirí athruithe fadtéarma saoil a chur i bhfeidhm agus idirghabháil theiripeach chuí a fháil, rud a d'fhéadfadh cuidiú le bristí tromchúiseacha a bhainfeadh le hoistéapóróis amach sa saol a sheachaint.

Reáchtáladh Gradaim Nuálaíochta UL i dTeach Plassey i mí na Bealtaine 2014. Thug an ócáid aitheantas do thaighdeoirí ceannródaíocha ar ceadaíodh paitinní dóibh agus a chruthaigh mac-chuideachtaí trína gcuid taighde. I measc na ndaoine ar tugadh aitheantas dóibh bhí bunaitheoirí Stokes Bio, an tOllamh Mark Davies agus an Dr Tara Dalton ar ar bronnadh gradam Éachta Spéisialta. Bhí Stokes Bio ar cheann de na cheannacháin mac-chuideachta Ollscoile ba mhó i stair an Stáit nuair a díoladh ar €33 milliún í.

Leanann Ionad Nuálaíochta Nexus in Ollscoil Luimnigh ar aghaidh á chur féin chun cinn mar ionad tacaíochta fiontraíochta ceannródaíoch i réigiún an Iarthair Láir. Tháinig fás % in 2014 ar fhostaíocht chliaint Nexus, rud a fhágann go bhfuil 149 duine fostaithe anois. Rinneadh breis is €4.0 m (€4.5m in 2013) a infheistiú i dtograí chliaint Nexus i rith na bliana atá faoi chaibidil. Ar thograí suntasacha tá: Arralis a fuair infheistíocht ó Chiste Infheistíochta Caipitil Kernel ó Bhanc na hÉireann; agus d'fhógair YellowSchedule, uirlis Bhainistithe Coinní agus CRM Cliant do theiripeoirí, babhta síol-infheistíochta €600,000 ó Angel Investors agus Fiontraíocht Éireann. Tá cliaint Nexus ag trádáil anois in 12 mhórmhargadh ar fud na cruinne, ina measc SAM, an tSín, Mór-roinn na hEorpa agus an Astráil.

**RANNPHÁIRTÍOCHT LE FIONTRAÍOCHT**

Bhí an rannpháirtíocht le tionscail fós láidir in 2014, inar tugadh faoi 66 tionscadal taighde comhoibríocha nua le lucht tionscail.

D'Fhógair an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton TD, go raibh rún ag Information Technology Shared Services, rannán de Johnson & Johnson Services, Inc., oiread agus 100 post nua a chruthú ach a gcruthófaí Ionad Forbraíochta ar champas Ollscoil Luimnigh. I dteannta an Aire Bruton bhí an tAire Airgeadais Michael Noonan TD agus an tAire Oideachais, Jan O'Sullivan TD ag Ollscoil Luimnigh chun an fógra a dhéanamh.


Bronnadh Gradam Chomhghuaillíocht Chomhpháirtíochta na Bliana ar Synthesis and Solid State Pharmaceutical Centre (SSPC) a bhfuil a cheanncheathrú aige in Ollscoil Luimnigh ag Gradaim Thionscail Pharma 2014. Tugann an gradam aitheants do SSPC as comhoibriú den scoth tionscail-acadúlachta, idirthionscail agus idir-acadúlachta idir 22 comhpháirtí tionscail, 9 n-eagraíocht déanta taighde agus 12 chomhoibrí idirnáisiúnta acadúla, laistigh d'earnáil na cógaisíochta. Anmníodh SSPC ar an ngearrliosta as measc na sé ainmní is fearr do Ghradam Sármhaitheasa Cógaisíochta Trí Chéile.

Ba í UL an ollscoil cheannais i roinnt tionscal nua comhoibríocha tionscail a maoiníodh faoi chlár Comhpháirtíochta Nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann. Dámhadh 12 dheontas nua ar UL, ab ionann é sin agus 18% den líon iomlán tionscadal a dámhadh in Éirinn.


Bhuaigh an Dr Mark Southern, Ánra Sinsearach Taighde in Ollscoil Luimnigh an chéad ghradam Resarch2Business de chuid Knowledge Transfer Ireland . Tugann an chéad ghradam Resarch2Business de chuid Knowledge Transfer Ireland (KTI) aitheantas don sármhaitheas i dtaca le rannpháirtíocht idir taighdeoirí agus an pobal gnó. Ba é Seán Sherlock T.D. a bhronn an gradam. An tAire Taighde agus Nuálaíochta ag seoladh oifig Knowledge Transfer Ireland agus a thairseach idirlín. Ina theannta sin, bronnadh Gradam Tionchair KTI na bliana seo ar chomhoibriú idir Cook Medical agus foireann taighde Ollscoil Luimnigh faoi stiúir an Dr Tofail Syed.

## FOINSÍ MAOINIÚCHÁIN

| Foinse maoiniúcháin | Bliain Acadúil 2013/14 |
|---|---|
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 15,507,131 |
| Fiontraíocht Éireann | 7,440,350 |
| Eile - Neamhstát | 6,499,500 |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn | 3,652,709 |
| Eile - an Stát | 3,118,576 |
| An Coimisiún Eorpach | 2,589,424 |
| An Bord Taighde Sláinte | 1,465,403 |
| Tionscal | 1,308,872 |
| **Iomlán** | **41,581,966** |



# STAIDREAMH A BHAINEANN LE CÉIMITHE





# SEIRBHÍSÍ ACADÚLA AGUS TACAÍOCHTA

## AN RANNÓG TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE

Cuid dhílis den Ollscoil í an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise agus cothaíonn an Rannóg gnó, taighde agus teagasc na hOllscoile; tugann sí tacaíocht do dhámha agus rannóga agus cuireann sí féin cláir agus tionscadail thábhachtacha i gcrích.

- SEPA a chur i bhfidhm ar gach iarratas fiontraíochta laistigh den Ollscoil d'fhonn cloí le rialacháin an AE

- Geataí nua na leabharlainne a chomhtháthú le bunachair shonraí phríomha fiontraíochta chun rochtain ar an leabharlann a phríomhshruthú don fhoireann agus do mhic léinn

- Bogearraí nua ceartaithe scrúduithe ceisteanna ilroghnacha a chur i ngníomh d'fhonn feidhmiú leanúnach ceartúchán scrúduithe a chinntiú

- Céim II den tionscadal feabhsaithe táillí a sheachadadh i gcomhar le hAirgeadas chun an próiseas a phríomhshruthú in oidig tháillí na mac léinn

- Feidhm Measúnachta Iarratas ó Dhaoine Lánfhásta a fhorbairt le cur ar chumas na hOifige Iontrála próiseas iarratais na ndaoine lánfhásta a phríomhshruthú

- Creat Soláthróirí Gréasáin a bhunú chun laghdú a dhéanamh ar chostas na forbartha gréasáin don Ollscoil trí chéile Teimpléid ghréasáin lena mbaineann leanúnachas brandála a sheachadadh

- Bunaíodh ranán Rialachais, Portfóilió & Bainistíochta Cáilíochta laistigh de ITD chun tús a chur le bainistíocht fhoirmiúil tionscadal agus rialachais ar fud na hOllscoile

- Bunaíodh rannán Teicneolaíochta Oideachais laistigh de ITD d'fhonn a bheith ag teacht le sárchleachtas na hearnála agus d'fhonn díriú ar theicneolaíocht na foghlama a fheabhsú

- Rinneadh na searmanais bhronnta a chraoladh ar líne, a thaifeadadh agus rinneadh eagarthóireacht orthu agus foilsíodh ar shuíomh idirlín na Searmanas é do Shearmanais Bhronnta an tSamhraidh agus an Fhómhair.

- Rinneadh éascaíocht don chéad 2 lá de ‘Developing UL Online’ (DUO) - ceardlanna forbartha gairme leis an Dr Darina Slattery do bhaill dáimhe a bhí ag cruthú modúl ar líne do mhic léinn Iarchéime

- Leanadh ar aghaidh ag déanamh éascaíochta don tionscadal Maths 4 Teachers a chuireann raon tacaíochta forbartha gairme ar fail do um 6,000 múinteoir matamaitice Iar-bhunscoile

- Rinneadh córas ríomhphoist na foirne a uasghrádú ó Exchange 2003 go Exchange 2010 Suiteáladh 8 bhfreastalai nua agus suiteáladh freastalaithe athléimneacha ar an gCampas Thuaidh

- Rinne HEAnet uasghrádú ar nasc idirlín na hOllscoile go 10gb, agus suiteáladh an dara Pointe Rochtana Idirlín ar an gCampas Thuaidh ar mhaithe le hathléimneacht. Tá institiúidí oideachais réigiúnacha eile, ar nós Choláiste Mhuire gan Smál agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh tar éis tairbhe a bhaint as an uasghrádú seo ós rud é go mbaineann siadsan freisin úsáid as na naisc chéanna le haghaidh an idirlín.

- Cuireadh acmhainní níos mó gréasáin ar fáil trí roinnt uasghráduithe agus athchóirithe i bhfoirgnimh na Ríomheolaíochta, na nEolaíochtaí Sláinte agus an Taighde Innealtóireachta.

- Uasghrádaíodh an bonneagar idirlín gan sreang agus méadaíodh an nascacht gan sreang ar fud an champais.

- Leanadh ar aghaidh le gníomhaíochtaí carthanacha le comhpháirtíocht UL leis an *Camara Organisation* ach ar deonaíodh ríomhairí farasbairr chun tacú le tionscnaimh oideachais san Afraic agus i bpobail eile atá faoi mhíbhuntáiste ar fud an domhain.

## SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE AGUS FAISNÉISE

Éascaíonn Rannán na Leabharlainne agus Seirbhísí Faisnéise (LISD) teagasc, foghlaim agus taighde in UL trí acmhainní scoláireachta, seirbhísí faisnéise agus saoráidí foghlama saindírithe ar ardchaighdeán a sholáthar.

**Tacaíocht don teagasc, don fhoghlaim agus don taighde**

Glacadh roinnt céimeanna tábhachtacha chun bailiúcháin taighde na leabharlainne a fhorbairt i rith na bliana seo. D'fhaomh Coiste Forbartha Acmhainní Eolais na Leabharlainne sé bheartas forbartha bailiúcháin is fiche, a cuireadh le chéile i gcomhairle le baill dáimhe. Rinneadh athbhreithniú ar irisí d'fhonn an úsáid a bhaintear as irisí a mheas, mar aon leis an gcostas in aghaidh na híoslódála agus riachtanais bhaill dáimhe, arb é b'aidhm leis irisí nach raibh an oiread sin tóir orthu a shonrú agus costais a bhainistiú. Rinneadh tionscadal éadála pátrúntionscanta i mí na Bealtaine 2014, lenar tugadh rogha d'iasachtaithe na leabharlainne ríomhleabhair ba mhian leo a cheannach a roghnú go díreach ó chatalóg na leabharlainne. Ba bheartais forbartha bailiúchán ba bhun le roghnú na n-ábhar.

Ach ar cruthaíodh ról nua a bhí dírithe go sainiúil ar thaighde agus ar bhibliméadracht ag tús na bliana acadúla, rinneadh forbairtí suntasacha ar chlár na leabharlainne do thaighdeoirí. Tugadh ceardlanna RYRV (Realising Your Research Value) cothrom le dáta agus a sheachadadh go rialta i rith na bliana, agus iad an freastal ar éileamh mór i gcónaí. Cuireadh oiliúint spriocdhírithe ar fáil i dtaca le Web of Science, Google Scholar, irisí ardtionchair a roghnú, ORCID and h-innéacsaí. Do bhaill dáimhe, d'fhorbairt an Roinn Acmhainní Daonna, an Oifig Taighde, an Leabharlann agus RAND Europe clár ceardlann d'acadóirí atá ar chonair tionachta. Rinneadh taisclann institiúide na hOllscoile ULIR a uasghrádú chun eolas staitistiúil a chur ar fáil do thaighdeoirí ar fud an domhain faoi cé atá ag léamh agus ag íoslódáil thaighde UL. Ach ar cuireadh bun le SCOPUS i rith na bliana cuireadh uirlis iasachta ar fáil do thaighdeoirí UL chun straitéisí agus tionchair a bhfoilseachán a bhainistiú.

**Feabhsú leanúnach**

Rinneadh athbhreithniú an rannáin ar cháilíocht i mí na Nollag 2013. Thréaslaigh an tuairisc a rinne Grúpa Piar-Athbhreithnithe leis an leabharlann as 'tiomantas follasach agus leanúnach d'aghaidh a thabhairt ar riachtanais na n-úsáideoirí agus an luchta leasmhair' a léiriú agus mhol idir mhic léinn agus bhaill foirne gairmiúlacht agus cúntacht na foirne. Tá roinnt moltaí sa tuairisc agus nuair a chuirfear i ngníomh iad feabhsófar seirbhís na leabharlainne a thuilleadh.

| Príomhtháscairí Feidhmíochta na Leabharlainne agus na gCóras Faisnéise | 2013/14 |
|---|---|
| Leabhair ar iasacht | 179,817 |
| Líon laethanta ar oscailt: Príomh-Leabharlann | 327 |
| Íoslódáil ar théacs iomlán ailt | 1,243,983 |
| Stoc iomlán leabhar sa chatalóg | 349,624 |
| Ríomhleabhair | 274,056 |
| Irisí clóite agus ríomh-irisí | 62,523 |
| Bunachair sonraí bhibleagrafacha & lántéacs | 202 |
| Foireann na Leabharlainne (FTE) | 48 |
| Leabhair a fuarthas | 13,159 |
| Scileanna faisnéise: uaireanta oiliúna úsáideora a fuarthas | 4,790 |
| Páipéir thaighde a foilsíodh i dTaisclann Institiúideach Ollscoil Luimnigh | 2,097 |

**Eispéireas na mac léinn a fheabhsú**

Bhí an-tóir ar an leabharlann arís i rith 2013/14 agus bhain líon mór daoine úsáid as an bhfoirgneamh agus tháinig méadú ar úsáid na leabharlainne ar líne. Cuireadh geataí rochtana isteach sa bhealach isteach agus ba mhór an fhorbairt é sin i dtaca le róphlódú a bhainistiú ach a chinntiú nach bhféadfadh ach úsáideoirí faofa na leabharlainne leas a bhaint as an spás, as na suíocháin agus as na bailiúcháin. Cruthaíodh spás do shuíocháin bhreise ach ar bogadh bailiúchán na n-irisí clóite ina iomláine amach as na príomhsheomraí léitheoireachta, toisc gur gnáthaí le daoine úsáid a bhaint as irisí ar líne anois. Ar fhorbairtí tábhachtacha teicneolaíochta eile a chuir go mór le roghanna féinseirbhíse agus a mhéadaigh an éifeachtúlacht bhí sórtálaí leabhar a suiteáladh chun tabhairt ar ais na leabhar a uathfheidhmiú agus uasghrádú na meaisíní féin-eisiúna uile. Forbraíodh eispéireas na mac léinn sa leabharlann a thuilleadh ach ar cuireadh le huaireanta oscailte roimh scrúduithe sa dá sheimeastar, idir 8 am agus meán oíche i rith na seachtaine.

**Rannpháirtíocht sheachtrach**

Le linn bhliain Chathair Chultúir Luimnigh 2014, ba mhór ag an leabharlann go leor imeachtaí a bhí ar oscailt don phobal a thionól. Cuireadh tús le taispeántas ar líne i dtaca leis an gCéad Chogadh Domhanda, taispeántas a mhairfidh ceithre bliana dar teideal Long Way to Tipperary. Forbairt shuntasach ba ea é sin i mbliana ó thaobh forbairt bailiúchán, tacaíocht taighde agus rannpháirtíocht sheachtrach de. Tharraing an taispeántas aird acadóirí, taighdeoirí, leabharlannaithe agus staraithe an Chéad Chogaidh Dhomhanda láithreach go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá an chartlann ar líne bunaithe ar an tréimhse 1914-1918 agus ar Pháipéir Armstrong, bailiúchán eastáit de litreacha, de dhialanna agus de ghrianghraif

a chuimsíonn 350 bliain de stair mhuintir Armstrong i gCaisleán Mhaigh Ailbhe i gContae Thiobrad Árann.




Ar imeachtaí eile a bhí ar siúl i rith na bliana bhí taispeántas grianghraf dar teideal Shannon Estuary; Scattery Island and Killimer-Tarbert a bhí ar siúl sa leabharlann i gcomhar le Roinn na Staire ó mhí Eanáir go mí an Mhárta 2014. Ghlac an leabharlann páirt sa tionscnamh OpenHouse Limerick lenar tugadh cead isteach do bhaill an phobail chun féachaint ar ábhar ailtireachta sna bailiúcháin mhóra leabhar uathúil agus cartlainne. Ar imeachtaí tábhachtacha a cuireadh ar siúl ag deireadh 2013 bhí seoladh Pháipéir Jim Kemmy Papers, a sheol an tAire Jan O'Sullivan i mí Mheán Fómhair agus seoladh Pháipéir Armstrong, a sheolad an Bhantiarna Dunraven i mí Dheireadh Fómhair.
Cuireadh leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil d'alumni UL i rith na bliana d'fhonn deis a thabhairt d'iarmhic léinn uile na hOllscoile leas a bhaint as ballraíocht fadsaoil na leabharlainne.



## ACMHAINNÍ DAONNA

Tá breis is 1,400 comhalta foirne in Ollscoil Luimnigh. Ar mhaithe leis an gcuspóir atá againn Ollscoil Luimnigh a fhorbairt agus a choimeád ina hionad teagaisc, foghlama agus léinn a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthi, tá de chuspóir ag an Rannóg Acmhainní Daonna comhaltaí foirne den scoth a tharraingt i dtreo na hOllscoile, iad a spreagadh agus a choimeád agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun barr feabhais a bhaint amach ina gcuid oibre.

**Príomhghníomhaíochtaí:**

- Fógraíodh 220 comórtas earcaíochta i rith na tréimhse, ar comórtais taighde iad 111 díobh.
- Chuir an Rannóg Acmhainní Daonna cláir éagsúla san fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil: D'fhreastail 1,678 fostaí ar chláir oiliúna sa tréimhse atá i gceist.
- Tugadh tacaíocht do 76 fostaí chun páirt a ghlacadh i staidéir fochéime, iarchéime agus dochtúireachta mar chuid de thiomantas na hOllscoile chun tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach a fostaithe.
- Tugadh an clár trialach "Maximising your Research Output" chun críche go rathúil. San áireamh air sin bhí ionchur ón Oifig Taighde, ón Leabharlann agus ó aoichainteoirí inmheánacha agus seachtracha.
- Tugadh clár eile ceannaireachta acadúla agus taighde chun críche i rith na tréimhse seo, rud a fhágann gur thug 132 duine clár ceannaireachta chun críche. Tá na cláir modúlach agus baintear úsáid as uirlisí idirghabhála cosúil le haiseolas 360 céim, tuairiscí próifíle, Cóitseáil 1-1 agus rannpháirtíocht i dTionscadail Institiúide.
- Leanadh ar aghaidh leis na seisiúin lóin Taighde i rith na tréimhse seo, ina measc cainteanna a thug iar-rannpháirtithe sa chlár ceannaireachta. Bhí tinreamh maith ag na cainteanna am lóin sin i dtóllamh agus fuarthas aiseolas an-dearfach.
- Reáchtáladh seisiún eolais do bhaill foirne acadúla a bhfuil conartha conrach tionachta acu d'fhonn ionchais a shoiléiriú agus cur síos a dhéanamh ar na tacaí atá ar fáil dóibh.
- Reáchtáladh imeacht líonraithe idirdháimhe i gcomhar le ADsR. D'fhreastail breis is 70 acadóir ó laistigh de UL ar an imeacht agus fuarthas ais-eolas an-dearfach.
- Reáchtáladh sraith seisiún "Research Lunch and Learn" i rith na tréimhse chomh maith, ina measc:
  - Research Strategy - Standing out from the Crowd
  - Publications – Tips on Strategy and Process
  - Building University-Industry Partnerships
  - Getting into a Consortium as a Partner: Horizon 2020
- Cuireadh an clár Cóitseála Taighde ar fáil do gach ball foirne acadúla agus taighde in Ollscoil Luimnigh. Meaitseáladh na baill foirne sin a raibh cóitseáil de dhíth orthu le comhghleacaí sinsearach cuí a chuir cóitseáil ar fáil i dtaca le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo aschur sonrach taighde. Cuireadh oiliúint ar fáil do mheantóirí agus mheantaithe araon.
- Lean Oifig na bPinsean ar aghaidh ag cur tacaíocht nach beag ar fáil d'fhostaithe a bhí ag cuimhneamh ar dul ar scor i rith 'Thréimhse Chairde' Chomhaontú Bhóthar Haddington (i.e. an tréimhse nuair nach ndéanann na laghduithe pá a cuireadh i bhfeidhm leis an Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 3) 2013). Cuireadh an spriocdháta don Tréimhse Chairde sin siar i rith na bliana ón 31 Lúnasa 2014 go dtí an 30 Meitheamh 2015.

- Chuaigh 25 fostaí ar scor sa tréimhse idir an 1 Deireadh Fómhair 2013 agus an 30 Meán Fómhair 2014.
- Cuireadh tús le tionscadal chun córas CoreHR/Párolla a uasghrádú chuig an leagan is déanaí den bhogearra Oracle.
- D'éirigh leis an Rannóg Acmhainní Daonna a creidiúnú ISO 9001 a choinneáil.
- Is tairseach roinnte seirbhísí é **www.universityvacancies.com** do gach folúntas in earnáil ollscoile na hÉireann. Ba é an Rannóg Acmhainní Daonna in UL a stiúir an tionscadal seirbhísí roinnte seo. Sa chéad 12 mhí dó a bheith i bhfeidhm, foilsíodh 1,400 folúntas ar an tairseach.
- I mí Aibreáin 2014 d'éirigh le cuibhreannas atá faoi stiúir UL maoiniú AE a fháil faoi ghlao oscailte PROGRESS 2007-2013, do thionscadal a dhíreoidh ar **Chomhionannas Inscne sa Chinnteoireacht** (GEM). Tá GEM faoi stiúir bhaill na Rannóige Acmhainní Daonna i gcomhar le Scoil Ghnó Kemmy. I gcomhar le comhpháirtithe tionscail agus acadúla idirnáisiúnta (Dell, Ibec, Cranfield University agus University of Abertay) scrúdóidh an mheitheal taighde GEM ról na gcleachtas AD, ina measc earcaíocht agus roghnúchán, bainistíocht feidhmíochta agus beartas ardaithe céime maidir le cothromaíocht inscne a chothú i bpoist chinnteoireachta.
- Sa tréimhse idir an 1 Deireadh Fómhair 2013 agus an 30 Meán Fómhair 2014, cuireadh oiliúint ar 329 ball foirne i dtaca le raon Cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta.
- Rinne an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta iniúchadh ar 24 Roinn Ollscoile sa tréimhse sin.
- Reáchtáladh raon imeachtaí folláine san Fhómhar agus san Earrach sa tréimhse chéanna, agus ghlac 320 bal foirne páirt sna himeachtaí folláine a cuireadh ar fáil.

## RANNÁN NA nAMHARCEALAÍON

D'eagraigh Rannóg na nDearcealaíon san Ollscoil na himeachtaí poiblí seo a leanas:

- *Black and Tan and Trouble*, léacht le Mick O'Dea RHA
- Ceardlann Líníochta Portráidí le Una Sealy ARHA
- Additions 2013 taispeántas Bhailiúchán Náisiúnta Féinphortráidí na hÉireann
- Taispeántas an ghrúpa SYNERGY do Chathair an Chultúir 2014
- EVA 2014 Ireland Biennial 2014 AGITATIONISM
- Taispeántas New Work le Wickham St Studios
- Taispeántas 2014 RDS Student Art Awards
- Taispeántas 20/Twenty le RTÉ lyric fm
- Taispeántas Féinphortráidí Luimnigh i Músaem Hunt do Chathair an Chultúir
- Additions 2014 taispeántas Bhailiúchán Náisiúnta Féinphortráidí na hÉireann
- Motivational Deficit..... le Gailearaí Ealaíne Crawford
- THE PARALLAX VIEW le Alan Butler i gcomhar le Ormston House Gallery
- Taispeántas Pigtown, The Wild Watery Heart of the City le John Collins



## NASC LENÁR BPOBAIL

Déanann Ollscoil Luimnigh a seacht ndícheall le go mbeidh cáil orainn as an sárchaighdeán oibre a dhéanaimid do shaol eacnamaíoch, oideachasúil, sóisialta agus cultúrtha na hÉireann i gcoitinne agus i réigiún na Sionainne go háirithe. Bhí go leor tionscnamh i mbliana a bhain le mic léinn agus le foireann na hOllscoile a cheangal le baill de phobail oideachais, ghnó, tionscail agus áitiúla.

Chuir **Dámh Chruinne Éireann Rince agus Ceoil** réimse imeachtaí pobail ar siúl, ina measc:

Sraith Seimineár an Túir - sraith seimineár poiblí saor in aisce ag plé réimse ábhar ceoil agus rince le buíon mór ceoltóirí, rinceoirí agus lucht acadúil.

Sraith Ceolchoirmeacha Lóin - ceolchoirmeacha lóin saor in aisce le ceoltóirí mór le rá go hidirnáisiúnta.

Sraith Seimineár LOGOS - sraith imeachtaí, seimineár agus cainteanna a bhíonn ar siúl ag an am céanna leis an tsraith Ceolchoirmeacha Lóin agus Seimineár Túir.

Ceardlanna 'A Taste of Africa' - sraith ceardlann idirghníomhach ag díriú ar cheol agus ar rince as réigiúin éagsúla na hAfraice. Bhí teacht le chéile sóisialta tar éis na gceardlann.

Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta Ceoil agus Rince Thraidisiúnta 'Blas' - ceann de na scoileanna samhraidh is mó cáil in Éirinn, a bunaíodh 18 mbliana ó shin, ag a dtagann scoláirí ó áiteanna ar fud an domhain chun coicís a chaitheamh le cuid de na ceoltóirí, amhránaithe agus rinceoirí traidisiúnta is fearr in Éirinn.

D'oibrigh **Scoil Ghnó Kemmy** go dlúth leis an tionscal agus le grúpaí pobail chun buntáistí a chur ar fáil don phobal i gcoitinne:

International Product Development Management Conference 2014 (IPDMC)
Thionóil KBS an 21ú International Product Development Management Conference (IPDMC) a thosaigh an 29 Meitheamh. Ba iad an Dr Ann Ledwith, Stiúrthóir an Oideachais UL’s Leanúnaigh agus Ghairmiúil (CPE) in UL agus an Dr Regina McNally, Léachtóir Sinsearach i Scoil Ghnó Kemmy, comhchathaoirligh na comhdhála agus bhí breis agus 170 toscaire as breise is 21 thír i láthair, ina measc SAM, an tSeapáin agus an Nua-Shéalainn. Ba é téama an 21ú IPDMC ‘Innovation through Engineering, Business & Design’ agus ba iad na príomhchainteoirí Leonard Hobbs agus Amos Winter.

Comhdháil Acadamh Bainistíochta na hÉireann
Thionóil KBS an 17ú Comhdháil de chuid Irish Acadamh Bainistíochta na hÉireann (IAM) an 3-5 Meán Fómhair 2014 agus ba é an príomhchainteoir an tOllamh Wayne Casico, sealbhóir Robert H. Reynolds Chair in Global Leadership san University of Colorado Denver. Ba iad an Dr Christine Cross agus an Dr Michelle O’Sullivan a d'eagraigh an Chomhdháil agus ba é teideal na comhdhála ‘Managing in a Changing Climate: Leading to New Realities:
An 22ú Léacht Chuimhneacháin i gcuimhne ar John Lovett

Léacht Chuimhneacháin i gcuimhne ar John Lovett

Thug an tOllamh Nicholas Phelps, University College London Léacht Chuimhneacháin na bliana seo i gcuimhne ar John Lovett an 20 Márta in KBS. “Inertia and Change at Multinational Enterprise Subsidiaries” ba theideal don léacht. Ba é Michael McDonnell, Stiúrthóir Bainistíochta CIPD Ireland an cathaoirleach don ócáid. Bronnadh roinnt gradam An Mac Léinn is Fearr, ina measc Duais Chuimhneacháin John Lovett don mhac léinn is fearr ar an BBS (Human Resource Management) agus Duais Chuimhneacháin don mhac léinn is fearr ar an BA (Human Resource Management).

Sraith Business Breakfast KBS
“REINVENTION AND STARTING OVER - HOW A SMART IDEA AND A SMARTER ACTION PLAN CAN SET YOU ON A BRAND NEW PATH AND RE-IGNITE YOUR BUSINESS” ba thopaic an dara Business Breakfast a reáchtáil KBS an 17 Meitheamh. Ba é Pat Phelan an príomhchainteoir agus ba é Conall O’Morain (Today FM) fear an tí. Cuireann gach imeacht bricfeasta gnó 60 nóiméad d'eolas agus de líonrúchán ar fail chun fócas nua a thabhairt do ghnó.

Sraith Seimineár Poiblí
Thionóil KBS sraith seimineár poiblí dar teideal “Reform in the Aftermath of the Crisis: Exploring Agenda for Health, Political and Financial Reform” san Áras Spóirt an 19 Meán Fómhair. Ar chainteoirí an tSeimineáir um Athchóiriú Polaitiúil agus Cúraim Shláinte bhí an Dr Colin Doherty, Néareolaí Comhairleach, Ospidéal San Séamas agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus an tOllamh David Farrell, School of Politics and International Relations, UCD. Ar chainteoirí an tSeimineáir um Athchóiriú AIrgeadais agus Geilleagair bhí an tOllamh Stephan Gerlach, Leas-Ghobharnóir, Banc Ceannais na hÉireann agus Fiona Muldoon, Ceann an Rialacháin Bhaincéireachta agus Árachais, Banc Ceannais na hÉireann.

D'eagraigh **an tIonad Teagaisc agus Foghlama** roinnt ceardlann agus siompóisiam scríbhneoireachta chun deis a thabhairt don lucht acadúil agus don phobal i gcoitinne tabhairt faoi thascanna éagsúla scríbhneoireachta; d'eagraigh siad ceardlanna cúraim sláinte príomhúil do phobal an lucht siúil; agus reáchtáil siad Comórtas Náisiúnta Aistí na Meánscoileanna ar ghlac breis ar 70 dalta meánscoile páirt ann.

D'eagraigh ***Rannóg na nDearcealaíon*** san Ollscoil na himeachtaí poiblí seo a leanas:

- *Black and Tan and Trouble*, léacht le *Mick O’Dea RHA*
- Ceardlann *Portrait Drawing* le *Una Sealy ARHA*
- Taispeántas *Additions 2013 the National Self-Portrait Collection of Ireland* de chuid an ghrúpa *SYNERGY* le haghaidh Chathair an Chultúir Culture 2014
- *EVA 2014* Ireland Biennial 2014 AGITATIONISM
- Taispeántas *New Work le Wickham St Studios*
- Taispeántas *2014 RDS Student Art Awards*
- Taispeántas *20/Twenty* le *RTÉ lyric fm*
- Taispeántas *Limerick Self-Portraits* i Músaem *Hunt* le haghaidh Chathair an Chultúir Taispeántas *Additions 2014 the National Self-Portrait Collection of Ireland*
- Motivational Deficit..... le Gailearaí Ealaíne Crawford
- THE PARALLAX VIEW le Alan Butler i gcomhar le*Ormston House Gallery* Taispeantas *Pigtown, The Wild Watery Heart of the City* le *John Collins*

# FÁS AGUS FORBAIRT

## FORBAIRTÍ AR AN gCAMPAS

***Tionscadail Chaipitil:***

- Cuireadh tú i mí Lúnasa 2013 le síneadh 2,784m2 leis an Instituíid Eolaíochta Ábhar agus Dromchla. Cuirfidh an foirgneamh spás breise saotharlainne agus taighde ar fáil don Institiúid.
- Cuireadh tús i mí 2013 le foirgneamh 7651m2 a thógáil mar chóiríocht d'Institiúid Taighde Bernal. Cuirfdih an foirgneamh spás nach beag saotharlainne agus taighde ar fáil do 10 bpost nua ollúnachta sa Ollscoil.

**Tograí eile:**

- Rinneadh athchóiriú nach beag ar fhoirgneamh reatha Schrodinger i rith an tsamhraidh in 2014 agus rinneadh saotharlanna agus léachtaí a athchóiriú. Tá sé i gceist a thuilleadh athchóiriúcháin a dhéanamh i rith Shamhradh 2015.

***Tograí ag Céimeanna Pleanála:***

- Tá síneadh 2,762m2 leis an Áras Spóirt reatha á phleanáil a chuirfidh linn réamhaclaíochta tumadóireachta 25m ar fáil mar aon le hIonad Traenála Rugbaí na Mumhan agus táthar ag súil le tús a chur leis an réamhobair ag deireadh 2014 and leis an obair thógála i Samhradh 2015.
- Tá Ionad Oideachais agus Taighde Chliniciúil 3,442m2 á phleanáil mar chomhfhiontar leis an HSE. Beidh sé lonnaithe ag Ospidéal na hOllscoile Luimneach. táthar ag súil le tús a chur leis obair thógála i mí an Mheithimh 2015.

***Ceannacháin:***

Cheannaigh an Ollscoil an tIonad Gnó idirnáisiúnta ó SFADCo i mí Mheán Fómhair 2013. Is éard atá ann dhá aonad 3,632m2 san iomlán a dhéanfar a athchóiriú agus a úsáid chun críce na Gorlainne Taighde agus Gnó i gcomhar le Nexus.



## Aguisín 1

**Freastal ar chruinnithe an Údaráis Cheannais 2013-2014**

Faoin gCód Rialachais Náisiúnta, 2012 tá ar an Ollscoil tinreamh gach ball den Údarás Ceannais ag cruinnithe a thaifeadadh. Reáchtáladh naoi gcruinniú sa tréimhse atá i gceist. Nuair nach raibh ball in ann freastal ar aon cheann de na naoi gcruinniú tugtar sonraí thíos.

An tOllamh Sean Arkins – i láthair ag 8 as 9 gcruinniú;
An tOllamh Don Barry – i láthair ag 9 as 9 gcruinniú;
An tUas. Tommy Bolger – tháinig Emma Porter i gcomharbas air agus bhí sé i láthair ag 1 as 2 chruinniú;
Berni Brady, Uas. – i láthair ag 6 as 9 gcruinniú;
An tUas. Fintan Breen – i láthair ag 6 as 8 gcruinniú;
An tOllamh Merritt Bucholz – i láthair ag 3 as 3 chruinniú;
Lily Carroll, Uas. – tháinig an tUas. Seamus Noonan i gcomharbas air agus bhí sí i láthair ag 5 as 7 gcruinniú;
An tOllamh Vincent Cunnane – i láthair ag 2 as 3 chruinniú;
Breda Deedigan, Uas. – i láthair ag 8 as 9 gcruinniú;
An Dr Eoin Devereux – i láthair ag 8 as 9 gcruinniú;
Kay Doyle, Uas. – i láthair ag 8 as 9 gcruinniú;
An tOllamh Colum Dunne – i láthair ag 3 as 9 gcruinniú;
Neasa Fahy O'Donnell, Uas. – i láthair ag 7 as 9 gcruinniú;
An tUas. John Field – i láthair ag 9 as 9 gcruinniú;
An tOllamh Thomas Garavan – i láthair ag 1 as 4 chruinniú;
An tUas. Martin Hayes – i láthair ag 2 as 9 gcruinniú1;
An tOllamh Michael Hayes – i láthair ag 8 as 9 gcruinniú;
Michael Houlihan – i láthair ag 8 as 9 gcruinniú;
Tadhg B Kearney – i láthair ag 7 as 9 gcruinniú;
An Comh. Jerome Scanlan – tháinig an Clr John Sheahan i gcomharbas air, bhí sí i láthair ag 7 as 7 gcruinniú;
An tUas. Richard Leonard – i láthair ag 6 as 9 gcruinniú;
Trish Long, Uas. – i láthair ag 3 as 9 gcruinniú;
An tUas. Shane McCormack – tháinig Catriona Ní Dhonnchú Uas. i gcomharbas air, bhí sé i láthair ag 2 as 2 chruinniú;
An tOllamh Paul McCutcheon – i láthair ag 9 as 9 gcruinniú;
An Dr Seán McGrath – i láthair ag 6 as 9 gcruinniú;
An Breitheamh Onórach John L Murray – i láthair ag 9 as 9 gcruinniú;
Catríona Ní Dhonnchú Uas. – tháinig an tUas. Shane McCormack i gcomharbas uirthi agus bhí sí i láthair ag 5 as 7 gcruinniú;
An tUas. Seamus Noonan – tháinig Lily Carroll Uas. i gcomharbas air agus bhí sé i láthair ag 2 as 2 chruinniú;
Gráinne O'Connell Uas. – i láthair ag 3 as 9 gcruinniú1;
An tUas. John O'Connell – i láthair ag 9 as 9 gcruinniú;
An tUas. Bobby O'Connor – i láthair ag 8 as 9 gcruinniú;

An Clr Jerome Scanlan – tháinig an Clr John Sheahan i gcomharbas air agus bhí sé i láthair ag 1 as 1 chruinniú;
An Dr Máirtín Ó Droma – i láthair ag 8 as 9 gcruinniú;
An tUas. David O'Flynn – i láthair ag 2 as 9 gcruinniú;
Emma Porter Uas. – tháinig an tUas. Tommy Bolger i gcomharbas uirthi agus bhí sí i láthair ag 5 as 7 gcruinniú;
An Dr Wynette Redington – i láthair ag 8 as 9 gcruinniú;
An tUas. Pat Rockett – i láthair ag 7 as 9 gcruinniú;
An Clr John Sheahan – tháinig an Clr Jerome Scanlan i gcomharbas air agus bhí sé i láthair ag 2 as 7 gcruinniú;
An Clr Gerry McLoughlin – tháinig an Clr Kathleen Leddin i gcomharbas air agus bhí sé i láthair ag 1 as 2 chruinniú;
An Dr Peter Tiernan – i láthair ag 8 as 9 gcruinniú;
Judith Woodworth, Uas. – i láthair ag 6 as 9 gcruinniú;

*1 bhí cead aige/aici a bheith as láthair ó chruinnithe mar a fhoráiltear i Mír 3(3) den Tríú Sceideal d'Acht na nOllscoileanna, 1997.*

***Táillí agus costais iomlána a íocadh le baill den Údarás Ceannais***

Íoctar costais le baill sheachtracha den Údarás Ceannais de réir Treoirlínte ón Roinn Airgeadais. Éilíonn Cód Cleachtais Náisiúnta 2012 go gcuirtear táillí agus costais iomlána a íoctar le baill den Údarás Ceannais ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil. Ní íoctar táillí le baill den Údarás Ceannais. Sa tréimhse faoi athbhreithniú íocadh €11,673 le baill den Údarás Ceannais.

UNIVERSITY of LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH